

AN SÉÚ TUARASCÁIL IS FICHE 2004



An Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí

THE LAW REFORM COMMISSION

Rory Brady SC
Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

23 Márta 2005

A Ard-Aighne, a chara

De réir Alt 6 den *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, tá sé d'onóir agam, thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, an Séú Tuarascáil is Fíche (2004) a chur i láthair.

Clúdaíonn sé an tréimhse ó 1 Eanáir 2004 go Nollaig 2004.

Mise le meas,



John Quirke

John Quirke
Rúnaí

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHFHOCAL		6
AN COIMISIÚN: COIMISINÉIRÍ AGUS FOIREANN		8
CAIBIDIL 1	LÉARGAS GINEARÁLTA AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN I 2004	10
	Feidhmeanna an Choimisiúin	10
	Straitéis agus Plean Gnó	10
	Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairliúcháin	11
	An Dara Clár Athchóirithe Dlí	14
	Tarchuir ón Ard-Aighne	14
	Foilseacháin an Choimisiúin i 2004	15
CAIBIDIL 2	FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN I 2004	16
	Réamhrá	16
	Dlí na Fianaise	16
	Dlí Riaracháin	17
	Dlí Coiriúil	17
	Dlí Cánach	20
	Dlí Talún agus Tíolacadh	22
	Grúpaí Soghonta agus an Dlí	24
CAIBIDIL 3	OBAIR IDIR LÁMHA AG AN GCOIMISIÚIN I 2004	26
	Réamhrá	26
	An Córas Dlí	26
	Dlí na Fianaise	26
	Dlí Riaracháin	27
	Dlí Coiriúil	27
	Dlí Talún agus Tíolacadh	27
	Grúpaí Soghonta agus an Dlí	29
	Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí	29
CAIBIDIL 4	RIARACHÁN	31
	Réamhrá	31
	An Coimisiún	31
	Foireann Riaracháin	31
	Taighde agus Leabharlann	33
	Airgeadas	34
CAIBIDIL 5	FORFHEIDHMIÚ AN DARA CLÁR AG AN GCOIMISIÚN	35
	Aguisín A: An Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007	42
	Aguisín B: Grúpaí Oibre	45
	Aguisín C: Comhdhálacha agus Cuirteanna	49
	Aguisín D: Liosta d'Foilseacháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí	51

RÉAMHFHOCAL

Rinne an Coimisiún tuilleadh dul chun cinn suntasach leis *An Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000 go 2007*, faofa ag an Rialtas i 2000, sa mhéid is go bhfuiltear tar éis déileáil faoi dheireadh 2004 le 20 cinn den 30 réimse a bhí aitheanta i gcomhair imscrúdaithe sa Chlár. Idir 2000 agus 2004 d'fhoilsigh an Coimisiún 13 Thuarascáil agus 19 bPáipéar Comhairliúcháin, 6 cinn díobh sin mar fhreagra ar tharchuir ón Ard Aighne faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*. I rith 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún 2 Thuarascáil agus 6 Pháipéar Comhairliúcháin.

I mí an Mhárta, foilsíodh *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA*, mar fhreagra ar tharchur ón Ard-Aighne. Rinne an Páipéar breithniú ar na hargóintí ar son agus in aghaidh a leithéid de stór agus mhol sé bunú Bhunachair Sonraí teoranta de phróifílí fóiréinseacha ginte ó shamplaí bitheolaíocha. Is féidir na próifílí seo a stóráil agus a chuardach go leictreonach i gcomhair comparáide le próifílí ó ábhar bitheolaíoch a gheofaí, mar shampla, ag láthair coire.

I mí an Mhárta, sheol an tArd-Aighne, Rory Brady SC, dhá Pháipéar eile. Mhol an chéad cheann, *Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais*, ina raibh cur síos ar an nós imeachta seo agus an úsáid a bhaintear as chun fiach a astú trí mhúirear a chlárú ar thalamh, athchóirithe éagsúla soiléirithe agus simplithe. Rinne an dara ceann, *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte*, suirbhé ar an úsáid a bhaintear as an ndiúscairt seo faoi láthair agus na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an mbealach solúbtha seo le déileáil le ciontóirí a bheadh freagrach as cionta nach mbeadh chomh hurchóideach sin trí ghlacadh le comhartha áiféala agus rún dea-iompair trí shuim airgid a thabhairt do charthanas. Déanann an anailís cur síos ar conas a sheachnaíonn sé seo go minic smál buan ar chiontóirí a bhfeictear don duine a gortaíodh agus don phobal go bhfuil siad tar éis íoc as an éagóir atá déanta acu don tsochaí trí a bheith buailte sa phóca le suim airgid i gcomhréir lena n-acmhainn.

I mí Aibreáin, cuireadh *Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais* ar fáil inar moladh leasuithe chun cuidiú le 'daoine cáilithe in aontíos céileachais', sin go ginearálta daoine a bhí ina gcónaí le chéile i gcaidreamh 'cosúil le pósadh' ar feadh tréimhse leanúnach trí bliana. Mhol an Coimisiún go dtabharfaí an ceart do 'dhaoine cáilithe in aontíos céileachais' iarratais cúirte a dhéanamh ar chearta agus faoisimh áirithe dá dtiocfadh deireadh leis an gcaidreamh. Orthu sin tá: an ceart iarratas a dhéanamh i gcomhair ordú coigeartaithe maoiné i gcúinsí eisceachtúla; i gcomhair faoisimh faoi dhlí comharbais sa chás nach ndearnadh soláthar dóibh; agus go dtabharfaí níos mó aitheantais dóibh i gcomhthéacs cúraim sláinte agus cinnteoireachta.

I mí an Mheithimh, mar fhreagra ar iarratas ón Ard-Aighne, foilsíodh Páipéar Comhairliúcháin ar *Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche*. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na hargóintí ar son agus in aghaidh achomhairc dá leithéid agus ar chásanna comparáideacha a bhfuil trácht déanta orthu thar sáile, rinne an páipéar moladh sealadach go gceadófaí achomharc in aghaidh pianbhreithe ró-bhog go dtí an Chúirt Chuarda, sa bhreis ar an achomharc atá ann cheana féin trí chás sonraithe go dtí an Ardchúirt.

Ardphointe de chuid na bliana ba ea an *Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha*, a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair agus an chomhdháil a lean é ar 'Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha na hÉireann', faoi chomhchoimirce an Choimisiúin agus na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i mí na Samhna. D'fhreastail os cionn 200 toscaire ar an gcomhdháil lenar labhairt painéal saineolaithe idirnáisiúnta. Bhí siad sin mar chuid den *Chomhthionscadal ar Dlí Talún agus Reachtanna Tíolactha* de chuid an Choimisiúin a d'fhógair an Coimisiún agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i mí an Mheithimh 2000, d'fhonn nuachóiriú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar dhlí talún agus tíolactha na hÉireann. Is léiriú é an tionscadal seo ar

an dea-chaidreamh atá againn le ranna Rialtais lena mbímid ag plé. Tugann sé léargas freisin ar ghné thábhachtach eile de mhodh oibre an Choimisiúin. Is é Grúpa Oibre Dlí Ábhartha an Choimisiúin a bhí i mbun an taighde as ar tháinig an Páipéar Comhairliúcháin. Cuidíonn an fháil atá ar shaineolas agus ar thiomantas dheonach chomhaltaí an Ghrúpa, agus Ghrúpaí Oibre eile dá leithéid, go mór leis an gCoimisiún agus tá sé go mór chun leasa an phobail.

Tugann an dá Thuarascáil a foilsíodh i rith na bliana léargas ar éagsúlacht ábhair an Dara Clár agus ar an réimse leathan ceisteanna a chuireann an tArd-Aighne faoi bhráid an Choimisiúin. Rinne an *Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* scrúdú ar an ngnáthnós imeachta fadbhunaithe a baineann le hathbhreithniú breithiúnach, maraon le córais reachtúla speisialta i réimsí cosúil le dlí pleanála agus dídeanaithe. Tá sé mar aidhm ag na moltaí atá déanta sa Tuarascáil tacú leis na bearta atá tógtha cheana chun déileáil leis an méadú ollmhór atá tagtha ar líon na n-iarratas seo (timpeall 1,300 sa bhliain anois) agus a chinntiú go bpléitear leo i mbealach atá éifeachtach, tráthúil agus de réir riachtanais an cheartais.

D'éirigh an *Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* as iarratas ón Ard-Aighne. Agus moltaí á dhéanamh aige, chuir an Coimisiún san áireamh an t-atheagrú atá déanta ar na Coimisinéirí loncaim le déanaí agus a mbearta chun comhlíonadh cánach a spreagadh. Cé gurb é tuairim an Choimisiúin nár cheart ionchúisitheoir fioscach ná cúirt cánach a bhunú, rinne an Tuarascáil moltaí chun leasú a dhéanamh ar na socruithe i gcomhair imscrúdúcháin agus ionchúisimh ar chionta cánach agus ar ghnéithe eile den phróiseas cánach.

Is de bharr modhanna feabhsaithe comhairliúcháin agus oibre, agus de bharr na hoibre tacaíochta atá á dhéanamh ag an líon beag foirne leabharlainne agus riaracháin atá méadú tagtha ar chaighdeán agus méid na bhfoilseachán. Tá an Coimisiún buíoch as an dea-chomhoibriú a fhaigheann sé ó na Ranna Rialtais lena mbímid ag plé. Is mór ag an gCoimisiún i gcónaí an tacaíocht atá aige ón Ard-Aighne agus Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne agus a bhfoireann.

Declan Budd
UACHTARÁN

AN COIMISIÚN

Ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí tá Uachtarán, aon Choimisinéir lánaimseartha amháin agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha

An Breitheamh Onórach Declan Budd
Breitheamh Ardchuirte (Uachtarán)

Patricia T. Rickard-Clarke
BCL, Aturnae
(Coimisinéir Lánaimseartha)

Dr Hilary A Delany
BA, M Litt, PhD, Abhcóide, Ceann Scoil an Dlí,
Léachtóir Sinsearach le Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An tOllamh Finbarr McAuley
BCL, LLB, MPhil, LL.D, Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil,
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Marian Shanley
BCL, Solicitor, Aturnae, Comhalta den Choimisiún
chun Drochúsáid Leanai a Fhiosrú

John Quirke
Rúnaí/Ceann Riaracháin

FOIREANN AN CHOIMISIÚIN I 2004

Stiúrthóir Taighde:

Raymond Byrne

BCL, LLM, Abhcóide

ar iasacht ó Scoil an Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Taighdeoirí Dlí:*

Deirdre Ahern LLB, LLM (Cantab), Aturnae

Alan Brady LLB (Dub), LLM (Lond), Attorney-at-Law (NY) Aturnae

Patricia Brazil LLB, Abhcóide

Ronan Flanagan LLB, LLM (Cantab)

Glen Gibbons BA, LLB (NUI), LLM (Cantab) (go Meán Fómhair 2004)

Roberta Guiry BCL, LLM (NUI)

Rosemary Healy-Rae, AITI, Abhcóide

Orla Joyce BCL, LLM (Cantab)

Darren Lehane BCL, LLM (NUI)

Sinéad Ring BCL (Dlí agus Gearmáinis), LLM (NUI)

Trevor Redmond LLB, LLM (Cantab) (go Lúnasa 2004)

Eadaoin Rock LLB, LLM (Cantab) (go Iúil 2004)

Jennifer Schweppe BCL (Euro) (go Lúnasa 2004)

Mary Townsend BCL, LLM (NUI)

Aisling Wall BCL, LLM (Cantab)

Foireann Riaracháin:

Bainisteoir Tionscadail: Pearse Rayel

Oifigeach Feidhmiúcháin: Denis McKenna

Bainisteoir Eolais Dlí: Marina Greer, BA (Mod), H Dip LIS (go Mí na Samhna 2004)

Conor Kennedy, BA, H Dip LIS

Catalógai: Eithne Boland, BA (Hons), H Dip Ed, H Dip LIS

Rúnaí Priobháideach don Uachtarán: Liam Dargan

Oifigh Cléireachais:

Alan Bonny

Debbie Murray

* Fostaítear taighdeoirí ar chonarthaí gearrthéarmacha. Tá údarás ag an gCoimisiún faoi láthair ochtar taighdeoirí lánaimseartha a fhostú.

CAIBIDIL 1

LÉARGAS GINEARÁLTA AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN I 2004

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ag a bhfuil sé mar phríomhaidhm an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus moltaí praiticiúla a dhéanamh chun é a athchóiriú. Bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil corpraithe faoin Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Deir Alt 4 (1) de Acht 1975:

“Coimeádfaidh an Coimisiún an dlí faoi bhreithniú agus déanfaidh sé, de réir fhorálacha an Achta seo, scrúduithe a ghabháil de láimh agus taighde a sheoladh d’fhonn an dlí a athchóiriú, agus tograí a leagan amach le haghaidh athchóiriú an dlí”

Déantar socrú agus stiúradh ar ábhar taighde an Choimisiún ar dhá phríomhbhealach.

Faoi Chlár Athchóirithe Dlí

Faoi Alt 4(2)(a) d’Acht 1975 ní foláir don Choimisiún, i gcomhairle leis an Ard-Aighne, cláir a ullmhú ó am go ham chun brainsí éagsúla den dlí a scrúdú, d’fhonn iad a athchóiriú. Nuair a bhíonn a leithéid de chlár faofa ag an Rialtas, déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus taighde ar an hábhair atá leagtha amach ann agus, más cuí, déanfaidh sé tograí le haghaidh athchóiriú ar an dlí sna réimsí sin a leagan amach agus a chur faoi bhráid an Taoisigh faoi Alt 4(2)(b). Tá dhá Chlár dá leithéid faofa ag an Rialtas. Bhí an Chéad Chlár Athchóirithe Dlí in áit idir 1975 agus 2000. Cuireadh An Dara Clár Athchóirithe Dlí, a fhaomhaigh an Rialtas i mí na Nollag 2000, ina áit sin agus is clár 7 mbliana é atá le rith go dtí 2007. Tá téacs iomlán an Dara Clár in Aquisín A.

Trí tharchuir ón Ard-Aighne

Forálann Alt 4(2)(c) d’Acht 1975 gur féidir leis an Ard-Aighne iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún scrúdú agus taighde a dhéanamh ar bhrainte áirithe den dlí agus, freisin, a iarraidh go gcuirfí tograí le haghaidh athchóirithe sa bhrainte sin faoina bhráid. Ní foláir don Choimisiún a leithéid d’iarratas a chomhlíonadh cibé a n-áirítear nó nach n-áirítear an brainte sin sa chlár a bheidh curtha ag an gCoimisiún faoi bhráid an Rialtais agus faofa ag an Rialtas.

STRAITÉIS AGUS PLEAN GNÓ

I 2003, dhreachtaiigh an Coimisiún Straitéis agus Plean Gnó athchóirithe, 2003-2005, ag leanúint ar aghaidh ón Straitéis agus Plean Gnó roimhe sin, a dreachtaiodh i 1998 agus a chlúdaigh an tréimhse 1999-2002. Lean Plean 1998 foilsíú (i 1997) *Athbhreithniú ar Eagrú agus Bainistiú an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí*.

Ról agus Bunchuspóir

Nótálann an Straitéis agus Plean Gnó, 2003-2005, go bhfuil an *tAcht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* bunaithe ar an tuiscint go bhfuil sé cuí go mbeadh sainchomhlacht ar leith ann ag a bhfuil ról lárnach in athbhreithniú an dlí ina iomlán, murab ionann agus institiúidí nó comhlachtaí (lena n-áirítear ranna rialtais) a bhfuil leas sonrach acu i mbrainte ar leith dlí a bhaineann lena ngníomhaíochtaí agus feidhmeanna ar leith féin. Tugann sé seo léargas freisin ar an sainchúram leathan atá ar an gCoimisiún faoi Acht 1975. Ar an gcúis sin, aithníonn an Plean go bhfuil sé mar bhunchuspóir ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí *“dlíthe an Stáit a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta, saineolach, d’fhonn a chinntiú go ndéantar athchóiriú córasach go rialta orthu.”*

Forfheidhmiú Róil agus Mhisiúin

Thug an Straitéis agus Plean Gnó le fios go ndeachaigh an Coimisiún, agus An Dara Clár Athchóirithe Dlí á dhréachtadh, i mbun phróisis ar bhonn leathan chun tuairimí a lorg ar cad ba cheart a bheith ann chun a chinntiú go mbeadh sé cuimsitheach, go gcuirfeadh sé na hathruithe móra sóisialta a bhí tarlaithe i sochaí na hÉireann san áireamh, agus go mbeadh sé ag breathnú chun cinn. Forálann an Plean freisin go mbeidh an Coimisiún páirteach i gcumarsáid agus comhoibriú leanúnach le comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear ranna rialtas agus gníomhaireachtaí eile, chun a chinntiú nach bhfuil an obair chéanna á dhéanamh faoi dhó idir an Coimisiún agus comhlachtaí eile rialtais.

Deir an Plean freisin go gcinnteoidh an Coimisiún go mbeidh leas leanúnach sa phróiseas athchóirithe dlí ag na geallshealbhóirí ar fad, ranna rialtais, gníomhaireachtaí eile, grúpaí sainleasa, an lucht acadúil, agus an pobal trí chéile. Aithníonn an Plean roinnt bealaí inar féidir é sin a bhaint amach, lena n-áirítear seimineáir, dul i gcomhairle leis an bpobal, modhanna feabhsaithe foilsíocháin agus poiblíochta (láithreán gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ie san áireamh) agus teagmháil shainiúil le heagraíochtaí ábhartha.

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá Tuarascálacha agus Páipéir Comhairliúcháin an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach críochnúil. Le linn taighde ar aon ábhar, breithnítear ar dhlí cásanna, reachtaíocht, dlí-eolaíocht agus scríbhinní acadúla, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Tugann an Coimisiún aird ar leith ar dhlíthe de chuid dhlínsí comparáideacha, maraon le moltaí a bheadh déanta ag comhlachtaí athchóirithe dlí sna dlínsí sin.

Airíonn an Coimisiún freisin go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh aon mholtaí le haghaidh athchóirithe préamhaithe i gcleachtas. Le linn dó a bheith ag ullmhú moltaí, bíonn comhairliúcháin neamhfhoirmeálta ag an gCoimisiún le cleachtóirí dlí, agus freisin le daoine gairmiúla ábhartha eile agus comhlachtaí ionadaíochta. Tá na tuiscintí a thugann na teagmhálacha seo ina gcuid thábhachtach d'fhorfheidhmiú Straitéis agus Plean Gnó 2003-2005, agus tugtar aitheantas dóibh i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

Modheolaíocht

Chun na spriocanna atá leagtha síos sa Dara Clár Athchóirithe Dlí agus ina Straitéis agus Plean Gnó 2003-2005 a bhaint amach, bunaíonn an Coimisiún meithleacha foirmiúla taighde le bheith freagrach as gach ceann de thionscadail an Choimisiúin. Ar gach meitheal bíonn "Coimisinéir treorach" maraon le Taighdeoir le bheith ag obair leis an Stiúrthóir Taighde. Baineann an Coimisiún úsáid freisin as Grúpaí Oibre, a gcuireann a gcuid ball saineolas ar fáil ar bhonn deonach, i réimsí ina bhfuil ionchur suntasach saineolaíoch riachtanach. Tá liosta Grúpaí Oibre agus a mballraíocht in Aguisín B.

I bhfianaise na castachta a bhaineann le cuid de na ceisteanna a thagann aníos, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe i réimsí ar leith eolais dlí agus eolais ghairmiúil eile ar ábhar ar leith. Téann an Coimisiún i mbun a chuid oibre ar bhonn Chláir Oibre Rothlaigh ina mbíonn spriocdhátaí chun céimeanna éagsúla den obair a bhaint amach, rud a chinntíonn go ndéantar dul chun cinn leanúnach i rith an Dara Clár. D'fhonn cuidiú leis an gCoimisiún monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna sin a bhaint amach, déantar athbhreithnithe rialta ar an gClár Oibre, faoina ndéantar forfheidhmiú praiticiúil ar aidhmeanna Straitéise agus Phlean Gnó, 2003-2005. Tá cur síos i gCaibidil a 3 ar an obair a bhí idir lámha ag an gCoimisiún i 2004.

An Próiseas Comhairliúcháin

Tá an próiseas comhairliúcháin rithábachtach d'obair an Choimisiúin agus a Straitéis agus Plean Gnó 2003-2005. D'fhéadfadh an comhairliúchán a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. I gcéimeanna tosaigh a chuid taighde b'fhéidir go mbuailfeadh an Coimisiún le saineolaithe nó cleachtóirí a bhíonn ag obair i réimse ar leith, nó ionadaithe grúpaí sainleasa. De ghnáth ansin ullmhóidh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin (ar a dtugtaí Páipéar Oibre suas go dtí 1985), agus foilseoidh an Coimisiún é. Lorgóidh an Coimisiún aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara maidir leis na moltaí sealadacha sa Pháipéar Comhairliúcháin. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh agus an Tuarascáil dheiridh ar an ábhar á dréachtadh, agus déileáilfear le haon ábhair nó ceisteanna a ardaíonn siad sa Tuarascáil.

Seimineáir

Roimh Thuarascáil a dhréachtadh, reachtálann an Coimisiún seimineár agus tugann sé cuireadh chuige do pháirtithe leasmhara, nó dóibhsean a rinne aighneachtaí maidir leis an bPáipéar Comhairliúcháin. Is gné thábhachtach eile é sin de Straitéis agus Plean Gnó an Choimisiúin, 2003-2005. Do gach seimineár, cuireann an Coimisiún liosta daoine ábhartha le chéile, ar a mbíonn breithiúna, cleachtóirí dlí, saineolaithe i réimse ar leith, agus daoine leasmhara eile ar mhian leo a gcuid eolais agus saineolais a thabhairt go próiseas comhairliúcháin an Choimisiúin. I rith 2004, reachtáil an Coimisiún roinnt seimineár. I mí Mheán Fómhair, bhí seimineár ag an gCoimisiún ar a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA*, a foilsíodh i mí an Mhárta 2004. Orthu siúd a bhí i láthair bhí breithiúna, cleachtóirí dlí, géiniticithe agus daoine le saineolas ar eolaíocht fhóirínseach.

I mí Dheireadh Fómhair, reachtáil an Coimisiún seimineár ar a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhlíthíocht Ilpháirtí*, a foilsíodh i mí Iúil 2003. Ag freastal ar sin bhí, mar shampla, cleachtóirí le spéis ar leith i ndlíthíocht gortuithe pearsanta agus daoine le saineolas in árachas. I mí na Samhna reachtáil an Coimisiún seimineár ar a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte*, a foilsíodh i mí an Mhárta 2004. I measc na ndaoine a bhí ag freastal ar sin bhí breithiúna ón gCúirt Dúiche agus ón gCúirt Chuarda a bheadh páirteach i bhfeidhmiú dhiúscairt bhosca bochtán na cúirte maraon le hionadaithe ó charthanais. I mí na Nollag, reachtáil an Coimisiún seimineár ar a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach*, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2003. Ag freastal ar sin bhí ionadaithe fostóirí agus fostaithe, go háirithe má bhí leas acu i sábháilteacht agus sláinte ceirde, maraon leo sin le leas in iompar corparáideach agus síceolaíocht eagraíochtúil.

Cumarsáid le Coiste Comhairleach agus le Ranna Rialtais

Mar a nótáil Straitéis agus Plean Gnó an Choimisiúin 2003-2005, tá a bhfreagrachtaí féin ag ranna rialtais i leith réimsí dlí laistigh dá ndlínsí, agus uaireanta trasnaíonn siad seo agus nithe a bhíonn clúdaithe ag Clár an Choimisiúin nó ag tarchuir ón Ard-Aighne a chéile. Is é cleachtas an Choimisiúin le blianta fada a bheith i dteagmháil le ranna rialtais faoi na tionscadail a bhfuil siad ag obair orthu i láthair na huairé nó ar dócha go mbeidh siad ag obair orthu amach anseo. I 1998, bhunaigh an Rialtas Coiste Comhairleach faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne, ar a mbíonn ionadaithe ó ranna áirithe rialtais, Comhairle an Bharra in Éirinn, Cumann Dlí na hÉireann, chomh maith leis an gCoimisiún.

Mar atá leagtha amach sa Straitéis agus Plean Gnó 2003-2005, buaileann an Coimisiún go rialta freisin le ranna rialtais, cosúil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí, chun athbhreithniú a dhéanamh ar nithe a bhfuil leas acu araon iontu. Cuireann na cruinnithe sin ar chumas an dá chomhlacht eolas a bheith acu ar cheisteanna lena bhfuil siad ag plé i láthair na huairé agus ar dhul chun cinn sa phróiseas reachtaíochta. Tá an *Comhthionscadal ar Dhlí Talún agus Reachtanna Tíolactha* (a phléitear go mion i gCaibidil 3), a d'fhógair an Coimisiún agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí i 2004, d'fhonn dlí talún agus tíolactha na hÉireann a nuachóiriú agus a chomhdhlúthú, ina eiseamláir de bhuntáistí na gcruinnithe sin. Chomh maith leis sin, tá obair an Choimisiúin leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i réimse na n-iontaobhas carthanais (a phléitear freisin i gCaibidil 3), ina shampla den

gcaoi a gcinntíonn na teagmhálacha sin nach mbíonn aon trasnaíl inseachanta ann nuair a bhítear ag smaoineamh ar athchóiriú dlí i réimse ar leith.

Bíonn an Coimisiún i dteagmháil freisin le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun a chinntiú, mar a thugtar le fios sa Straitéis agus Plean Gnó 2003-2005, go leantar gach deis oiriúnach chun athchóiriú a dhéanamh ar an dlí. Ag éirí as foilsiú a *Pháipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta* i mí an Mheithimh 2003, inar pléadh gnéithe de mhí-úsáid airgeadais dhaoine scothaosta, bhuail an Coimisiún i mí Eanáir 2004 le hÚdarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSRA) féachaint an bhféadfadh IFSRA aghaidh a thabhairt ar na nithe seo faoina chreat reachtúil. I mí Feabhra 2005, d'fhoilsigh IFSRA Dréacht-chód Cosanta Tomhaltóirí, ina bhfuil sé ráite (leath. 11): 'Tá foláirimh a mhol an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i leith scéimeanna fuascailte cothromais curtha san áireamh freisin.'

Cruinnithe le Coiste Oireachtais

Ó 1998, bhí cruinnithe tréimhsiúla ag an gCoimisiún leis an gComhchoiste Oireachtais ar Cheartas, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban chun clár oibre an Choimisiúin a phlé. Bhí toscaireacht ón gCoimisiún os comhair an Chomhchoiste ar an 24 Samhain 2004 chun plé a dhéanamh ar an gcomhthionscadal atá ar bun ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun dlí talún agus dlí tíolactha na hÉireann a thabhairt chun dáta agus a nuachóiriú, maraon le tionscadail ghaolmhara ar dhlí tiarna talún agus tionónta agus forbairtí ilaonaid.

Tar éis cur i láthair ag an gCoimisiún bhí plé le comhaltaí an Chomhchoiste ar bhonn ceisteanna agus freagraí. Dúirt Cathaoirleach an Chomhchoiste gur mhaith leo cruinnithe a bheith acu níos minicí leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ar ábhair chúil.

Comhdhálacha, Cuaireanna agus Teagmhálacha leis na Meáin

Bíonn Coimisinéirí agus taighdeoirí ag freastal ar agus rannpháirteach i seimineáir agus comhdhálacha poiblí go rialta faoi réimsí taighde bainteach leis an Dara Clár agus Clár Oibre Rothlach an Choimisiúin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuaireanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. Chomh maith leis sin, déantar nuacht agus preas-eisiúintí a dháileadh ar na meáin nuair a bhíonn Páipéar Comhairliúcháin nó Tuarascáil á fhoilsiú.

Go ginearálta, gníomhaíonn an Stiúrtóir Taighde mar urlabhraí meán don Choimisiún. Tá sonraí maidir le comhdhálacha a ndearnadh freastal orthu agus cuairteanna go dtí agus ó chomhlachtaí athchóirithe dlí i rith 2004 in Aguisín C.

AN DARA CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ

De réir an nós imeachta atá leagtha síos in alt 4(2)(a) den *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, d'fhaomhaigh an Rialtas an Dara Clár Athchóirithe Dlí i mí na Nollag 2000. Tá an téacs iomlán in Aguisín A. Aithníonn an Dara Clár 30 ábhar rangaithe faoi bhraintí difriúla den dlí i gcomhair scrúdaithe d'fhonn iad a athchóiriú. Is féidir iad sin a rangú faoi na ceanteidil seo a leanas:

- 1 An Córas Dlí
- 2 Dlí na Fianaise
- 3 Dlí Riaracháin
- 4 Dlí Coiriúil
- 5 Dlí Talún agus Tíolacadh
- 6 Grúpaí Soghonta agus an Dlí
- 7 Dlí Teaghlaigh
- 8 Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Chomh maith le 30 ábhar ar leith a leagadh síos i gcomhair scrúdaithe, nótáil an Dara Clár, dá bhfeicfí go raibh gá le hathchóiriú dlí in aon réimse laistigh de na braintí ginearálta dlí a leagadh síos thuas, go dtabharfaidh an Coimisiún, más cuí, agus faoi réir teorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil dó, na moltaí riachtanacha chun tosaigh. Go háirithe, nótáil an Dara Clár go bhfuil leas leanúnach ag an gCoimisiún i gcódú an dlí agus go bhfuil sé de rún aige aghaidh a thabhairt ar cheist na códaíochta i dtaca le nithe a thiteann laistigh de bhraintí dlí atá leagtha síos sa Chlár seo de réir mar a oireann. Sna réimsí sin ar fad, nótálann an Dara Clár go dtabharfaidh an Coimisiún aird, mar is cuí, ar ghníomhaíochtaí comhlachtaí oifigiúla eile a bhfuil leas acu in athchóiriú dlí, an tSeirbhís Chúirteanna san áireamh, agus go mbeidh sé réidh le comhoibriú a dhéanamh leo.

Nótálann an Dara Clár go raibh an Coimisiún páirteach in idirbheartú agus in ullmhú comhaontaithe éagsúla idirnáisiúnta, go háirithe i réimse an dhlí phríobháidigh idirnáisiúnta (easaontacht na ndlíthe), lena n-áirítear a bhforfeidhmiú i ndlí na hÉireann. D'fhoilsigh an Coimisiún líon mór Tuarascálacha maidir le forfeidhmiú Coinbhinsiún a d'ullmhaigh UNIDROIT, UNCITRAL agus Comhdháil na Háige ar an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta. Tuigean an Coimisiún gur gá a chinntiú go bhfuil aon moltaí i gcomhair athchóirithe i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit sa réimse sin.

TARCHUIR ÓN ARD-AIGHNE

I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* (LRC 72-2004), a lean a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* LRC CP 24-2003). Ba thoradh iad sin ar iarratas a rinne an tArd-Aighne i 2002, faoi alt 4(2)(a) d'Acht 1975, breithniú a dhéanamh ar bhunú Cúirte Cánach agus Ionchúisitheora Fioscaigh, ar bhonn na dtuairimí a léirigh Coiste Cuntas Poiblí an Oireachtais i bhFiosrúchán DIRT.

I 2003, fuarthas dhá tharchur ón Ard-Aighne, ag iarraidh ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar: Bunú Bhunachair Sonraí DNA; agus achomhairc a bheith ar fáil in aghaidh phianbhreitheanna ró-bhoga sa Chúirt Dúiche. I 2004 d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunachar Sonraí DNA a Bhunú* (LRC CP 29-2004) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc in aghaidh Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche* (LRC CP 33-2004).

FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN I 2004

D'fhoilsigh an Coimisiún dhá Thuarascáil agus sé Pháipéar Comhairliúcháin i rith 2004.

Ba iad sin:

- *Tuarascáil Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC 71-2004) (Feabhra 2004)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA* (LRC CP 29-2004) (Márta 2004) (*)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Morgáistí Breithiúnais* (LRC CP 30-2004) (Márta 2004)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte* (LRC CP 31-2004) (Márta 2004)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Daoine in Aontíos Céileachais* (LRC CP 32-2004) (Aibreán 2004)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbheirtheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche* (LRC CP 33-2004) (Meitheamh 2004) (*)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tiolactha* (LRC CP 34-2004) (Deireadh Fómhair 2004)
- *Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* (LRC 72 – 2004) (Nollaig 2004) (*)

Tá foilseacháin a d'éirigh as tarchuir ón Ard-Aighne marcáilte le réiltín (*).

Tá cur síos i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo ar na foilseacháin sin agus an Dara Clár Athchóirithe Dlí mar chúlra dóibh.

CAIBIDIL 2

FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN I 2004

RÉAMHRÁ

Mar atá luaite i gCaibidil 1, aithníonn an *Dara Clár Athchóirithe* Dlí roinnt brainsí dlí i gcomhair scrúdaithe d'fhonn iad a athchóiriú. Cuireann na brainsí sin, maraon le haon réimsí breise chun nithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin ar iarratas an Ard-Aighne a chur san áireamh, bonn áisiúil ar fáil le cur síos a dhéanamh ar shaothar foilsithe an Choimisiúin i 2004.

DLÍ NA FIANAISE

Fianaise Fhóiréinseach

I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar bhunú Bhunachair Sonraí DNA* (LRC CP 29-2004). I 2003, d'iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún ceist bhunú Bhunachair Sonraí DNA a scrúdú. Nuair a bhí sé ag déanamh a chuid moltaí, chuir an Coimisiún san áireamh na ceisteanna leathana casta bunreachtúla agus cearta daonna a d'fhéadfadh éirí; agus sa dara háit, ceist atá níos sainiúla, cad iad na haicmí próifíilí DNA a bheadh sa bhunachar sonraí. Rinne an Páipéar idirdhealú idir na samplaí DNA agus na próifíilí DNA ag cinneadh cé acu ba cheart an sampla, an phróifíil nó iad araon a scríos. Tá DNA iomlán dhuine sa sampla DNA, agus is é atá sa phróifíilí DNA, a bhaintear as an sampla, ná faisnéis i dtaca le mír bheag de DNA dhuine. Cé go bhfuil faisnéis ghéiniteach iomlán dhuine sa sampla DNA, creidtear faoi láthair nach bhfuil ach fórbheagán faisnéise pearsanta sa phróifíilí DNA seachas tuismitheoireacht agus gaolmhaireacht.

Rinne an Páipéar moladh sealadach nach gcoimeádfaí ach próifíilí DNA ar an mbunachar sonraí DNA. Mhol an Páipéar go mbunófaí Bunachar Sonraí DNA teoranta ina gcoimeádfaí próifíilí de dhaoine a mbeadh amhras réasúnach fúthu, nó go mbeadh siad ciontaithe, maidir le cionta inghabhála (a mbeadh téarma príosúnachta ar a laghad 5 bliana le fáil ag an té a chiontófaí, mar shampla dúnmharú, éigniú agus buirgléireacht) agus coireanna tromchúiseacha eile.

Ní fhéadfaí próifíilí de neamh-amhrastaigh nó de dhaoine nár ciontaíodh i gcionta a choimeád ar an mbunachar DNA ach amháin lena dtoilú. Mhol an Páipéar freisin go bhféadfaí ollscagadh a dhéanamh ach é a bheith faofa ag Ceannphort Gardaí. D'fhéadfaí samplaí DNA ó láthair coire a choimeád gan teorainn ama agus scríosfaí samplaí DNA a fuarthas díreach ó dhaoine aonair (ar a dtugtar samplaí comparadóireachta) nuair a bheadh críoch iomlán leis an gcás a bhfuarthas chuige iad.

Mhol an Páipéar go n-úsáidfe an bunachar sonraí DNA go príomha chun coireanna a fhiosrú ach go bhféadfaí é a úsáid freisin chun daoine básaithe agus daoine a bheadh gortaithe go dona a aithint i gcúinsí teoranta. Ó thaobh socruithe riaracháin de, mhol an Páipéar gur cheart go mbeadh Gníomhaireacht Dlí Fhóiréinseach neamhspleách (lena gcomhcheanglófaí an Saotharlann Dlí Fóiréinseach) faoi réir maoirseachta seachtraí freagrach as samplaí a choinneáil agus a bheith mar chaomhnóir ar an mbunachar sonraí DNA. Mhol an Páipéar freisin gur cheart bearta láidre slándála a chur i ngníomh chun na samplaí DNA agus an bunachar sonraí DNA a chosaint ó chur isteach neamhúdraithe fisiciúil nó leictreonach. Dá réir sin, is cion a bheadh ann mí-úsáid a bhaint as na samplaí DNA nó as an mbunachar sonraí DNA. I dtaca le húsáid fianaise DNA sa chúirt, mhol an Páipéar go mb'fhéidir gur cheart go mbeadh éisteachtaí inghlacthachta réamhthrialach ann agus gur cheart, i ngach cás a mbeifí ag iarraidh brath ar fhianaise DNA amháin, foláireamh a thabhairt don ghiúiré maidir leis na dainséir a bhainfeadh le duine a chiontú ar an bhfianaise sin in éagmais fianaise tacaíochta eile, ach go bhféadfadh siad chiontú dá mbeadh siad sásta thar amhras réasúnach faoi chiontacht an chosantóra.

DLÍ RIARACHÁIN

Athbhreithniú Breithiúnach

I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC 71-2004) a lean a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC CP 20-2003). Bhí ualach méadaithe iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ag teacht os comhair na gcúirteanna le blianta beaga anuas: taisceadh 1,300 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt i 2002, agus is cásanna teifeach/tearmainn/inimirceach a bhí i 500 díobh sin. Tá sé de chúram ar thríur breitheamh Ardchúirte faoi láthair déileáil go huile is go hiomlán beagnach le cásanna athbhreithniú breithiúnach, rud a léiríonn castacht na gcásanna sin agus an tosaíocht a thugann an Ardchúirt dóibh.

Scrúdaigh an Tuarascáil an gnáthnós imeachta fadbhunaithe i ndáil le hathbhreithniú breithiúnach, mar atá in 0.84 de *Rialacha na nUaschúirteanna 1986*, maraon le go leor córas reachtúil speisialta i réimsí cosúil le pleanáil agus teifigh. Tá sé mar aidhm ag na moltaí tacú le bearta atá tógtha cheana féin sna na cúirteanna chun a chinntiú go ndéileáiltear le cásanna athbhreithniú breithiúnach i mbealach éifeachtach agus tráthúil i gcomhréir le riachtanais an cheartais.

I ngnáth-athbhreithniú breithiúnach, molann an Tuarascáil go gcoinneofaí céim an cheada *ex parte* agus an teist, 'cás inargóinte'. Molann sí freisin, i gcásanna eisceachtúla, go ndéanfaí éisteacht ina mbeadh an dá thaobh páirteach de chéim an cheada. Molann sé freisin, maidir le leigheasanna ionadúla a bheith ar fáil, go gcuirfí cur chuige idir eatharthu i bhfeidhm ionas nach gcuirfeadh an fháil a bheadh ar leigheasanna ionadúla, ann féin, cosc ar iarratas ar athbhreithniú breithiúnach. I gcomhthéacs scéimeanna reachtúla i ndáil le hathbhreithniú breithiúnach mhol an Tuarascáil go gcoinneofaí céim an cheada agus an t-ardchaighdeán, 'forais substaintiúla,' atá inchosanta dar léi.

Molann an tuarascáil go mbeadh teorainn ama ginearálta sé mhí chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, ach go mbeadh teorainneacha ama níos déine i gcásanna áirithe, cosúil le cásanna pleanála agus inimirce. I dtaca leis sin, mhol an Tuarascáil go n-athrófaí an tréimhse seasta ina bhfuil iarratais ar athbhreithniú breithiúnach le déanamh faoin *Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha* (Gáinneáil) 2000 ó 14 go 28 lá, agus an rogha breithiúnach céanna fad a chur leis a bheith ann agus atá ann faoi láthair. Mhol an Tuarascáil freisin gur cheart go mbeadh tuilleadh forbartha ar chásbhainistiú breithiúnach gníomhach ag na cúirteanna, lena n-áirítear tráthchláir maoirsithe chun a chinntiú go gcuirfí cásanna athbhreithniú breithiúnais chun cinn chomh tapa agus is féidir agus úsáid níos solúbtha a bhaint as cásbhainistiú. I gcomhthéacs costas, mhol an Tuarascáil go bhféadfadh na cúirteanna níos mó úsáide a bhaint as an gcumhacht costais a chionnroinnt go cuí. Níor mhol an Tuarascáil go dtabharfaí 'Cúirt Riaracháin' isteach nó 'ordú aonair' i gcásanna athbhreithniú breithiúnach.

DLÍ COIRIÚIL

Bosca Bochtán na Cúirte

I 2004 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte* (LRC CP 31-2004). Pléann an Páipéar seo leis an nós imeachta atá á chleachtadh le blianta fada ag na cúirteanna, an Chúirt Dúiche ach go háirithe, go bhféadfadh an Breitheamh a bheith den bharúil, cé go mbeadh a chás cruthaithe ag an ionchúiseamh, nach mbeadh sé cuí ciontú a thaifeadh, ach go dtabharfaí suim airgid do bhosca bochtán na cúirte, agus go dtabharfaí an t-airgead ansin don charthanais ábhartha.

Úsáid Bhosca Bochtán na Cúirte

Ar na cásanna tipiciúla ina mbaintear úsáid as Bosca Bochtán na Cúirte tá meisce nó mí-iompar in áit phoiblí, tiomáint neamhaireach, mionghoid, mion-ionsaithe, nó cruálacht ar ainmhithe. Tríd agus tríd bíonn íocaíochtaí le Bosca Bochtán na Cúirte faoi bhun €1,000 i ngach cás, ach tá

éagsúlacht mhór ann. I 1989, rinneadh íocaíocht €25,000 le bosca bochtán na cúirte i gcás amháin, agus i 2003 rinneadh íocaíocht €40,000 i gcás eile. Tá an méid a íoctar le Bosca Bochtán na Cúirte ag méadú de réir a chéile le blianta beaga anuas. I 2002 agus arís i 2003, tugadh €1 milliún do Bhosca Bochtán na Cúirte. Ar chuid de na heagraíochtaí is mó a bhain tairbhe as na híocaíochtaí sin bhí Cumann Naomh Uinseann de Pól, Ciste Carthanach an Gharda Síochána, Oispis an Iarthuaiscirt, agus Tacaíocht Íospartach.

Buntáistí agus Mibhuntáistí

Ar na buntáistí atá le córas bhosca bochtán na cúirte tá go gcuireann sé ar chumas na cúirte cinneadh a dhéanamh ar thoradh cuí ag cur imthosca an cháis ar fad san áireamh (agus dá réir sin ag seachaint nó ag laghdú an gá le ciontú nó téarma príosúnachta a thaifeadadh). Mar shampla, d'fhéadfadh fulaingt thar cuimse a bheith i gceist do dhuine a thiomáineann mar shlí bheatha agus a chúisítear i mionchion tráchta bóthair má chiontaítear agus má dhícháilítear é nó í ó thiomáint. Bua tábhachtach eile atá le córas bhosca bochtán na cúirte ná go mbíonn ceangal uaireanta ag an gcarthanach a fhaigheann airgead ón mbosca bochtán leis an gcineál coire a deineadh; mar shampla, i gcás cruálacht ar ainmhithe d'fhéadfadh íocaíocht a bheith le fáil ag an ISPCA trí Bhosca Bochtán na Cúirte.

Go deimhin, d'admhaigh an Coimisiún sa Pháipéar Comhairliúcháin go bhfuil an tslí ina bhfuil córas Bhosca Bochtán na Cúirte ag teacht le prionsabail ceartais íocshláintigh, inar féidir athmhuintearas a dhéanamh idir an ciontóir agus an pobal, ar cheann de na gnéithe dearfacha is tábhachtaí a bhaineann leis an gcóras. Ach ba é tuairim an Choimisiúin freisin go bhfuil roinnt míbhuntáistí ag baint leis an gcóras reatha. Mar shampla, ní bhaineann na breithiúna Cúirte Dúiche ar fad úsáid as Bosca Bochtán na Cúirte agus mar sin níl sé ar fáil go huilíoch do chiontóirí céad-uaire. Tá sé ráite freisin go dtugann sé deis do dhaoine saibhre a mbealach a cheannach amach as ciontú agus/nó téarma príosúnachta.

Ní ghlacann an Coimisiún leis gurb amhlaidh an cás, ach mar sin féin creideann sé go bhfuil dearcadh diúltach dá leithéid i measc an phobail díobhálach do riaradh an cheartais. Nótáil an Coimisiún freisin go bhféadfadh breithiúna áirithe a bheith ag úsáid Bosca Bochtán na Cúirte chun fineáil neamhfhoirmiúil a ghearradh, níos mó ná an t-uasmhéid a bheadh ar fáil dóibh faoin dlí ábartha: tá an t-treorú poitéinsiúil ón Státhchiste ar an méid a bhaileofaí i bhfineálacha murach sin luaite freisin ag Coiste Cuntas Poiblí an Oireachtais ina athbhreithniú ar *Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 1999*. Nótáil an Coimisiún freisin go mb'fhéidir nach mbeadh sé cuí go mbeadh breithiúna páirteach i riarachán cistí Bhosca Bochtán na Cúirte agus go bhféadfadh roinnt ceisteanna comhlíonta cánach a bheith ag baint leis an gcóras reatha. Cé go n-úsáidtear Bosca Bochtán na Cúirte de ghnáth i mionchásanna nach mbeadh ciontú oiriúnach dóibh (agus go n-úsáidtear é dá bhrí sin in éineacht leis an *Acht Promhaidh* chun taifead coiriúil a sheachaint), chuir an Coimisiún in iúl gur úsáideadh ó am go chéile é agus ciontú á thaifeadadh.

Priomh-mholtaí

Rinne an Coimisiún moladh sealadach go gcuirfí príomh-eilimintí an tsocraithe atá ann cheana féin ar bhonn reachtúil, agus go bhfágfaí na gnéithe diúltacha ar lár. Mhol an Coimisiún freisin go dtabharfaí ainm nua ar an nós imeachta, is é sin 'Ciste Carthanachta na Cúirte'. Bheadh na critéir a úsáidfí agus é a chur i bhfeidhm san áireamh sa scéim nua reachtúil, ag úsáid leagan leathnaithe de na fachtóirí san *Probation of Offenders Act 1907*, agus freisin ag corprú leagan leasaithe den chóras ordaithe cúitimh san *Acht um Cheartas Coiriúil 1993*. Ní bheadh an diúscairt nua ar fáil ach i leith cionta achomair agus faoi réir liosta forordaithe fachtóirí a thógfadh an breitheamh san áireamh, ar a mbeadh nádúr neafaiseach an chiona, cúinsí pearsanta an chiontóir, tréithe san áireamh, cúinsí teaghligh, aois nó sláinte, agus an gá atá le héagóir a sheachaint i gcás ar leith.

Mhol an Coimisiún, sa chás go ndéanadh an chúirt taifeadadh ar chiontú, nach mbeadh 'Ciste Carthanachta na Cúirte' ar fáil mar dhiúscairt. Mhol an Coimisiún freisin go socrófaí an t-uasmhéid a bheadh iníoctha le Ciste Carthanachta na Cúirte ag teorainn na dlínse i dtort, €6,350 faoi láthair sa Chúirt Dúiche agus €38,000 sa Chúirt Chuarda. Mhol an Coimisiún freisin go mb'fhéidir go bhféadfaí suimeanna airgid a d'íocfaí isteach i gCiste Carthanachta na Cúirte a íoc isteach i gciste ar leith. Chiallódh sé seo nach mbeadh an t-airgead mar chuid de chistí ginearálta an Stáitchiste, ach go gcoinneofaí ar leithligh é agus go gcuirfí chun feidhme é ar son cuspóra a bheadh sonraithe sa reachtaíocht, sa chás seo do charthanais a bunaíodh chun faoiseamh a thabhairt ó bhochtaíneacht.



Ag Iainse an Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche (ó chlé) An Breitheamh Onórach Declan Budd Uachtarán na Coimisiún, Jennifer Schweppe Taighdeoir Díl, An Príomh Breitheamh Ronan Keane agus Raymond Byrne Stiúrthóir Taighde.

ACHOMHAIRC IONCHÚISIMH ÓN GCÚIRT DÚICHE

I 2004, mar fhreagra ar iarratas ón Ard-Aighne a rinneadh i 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc in aghaidh Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche* (LRC CP 33-2004). Rinne an Páipéar moladh sealadach go dtabharfaí an chumhacht don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí achomharc a dhéanamh in aghaidh pianbhreitheanna ró-bhoga sa Chúirt Dúiche. Agus é ag teacht ar an moladh sin, tá an Coimisiún den bharúil gurb é an argóint is láidre ná gurb é leas an phobail é go ndéanfaí daoradh cuí ar chiontóirí i leith na coire atá déanta acu, agus go mbeadh nós imeachta in áit chun aon ró-bhoige i dtoradh an daortha a cheartú.

Tá an Coimisiún den bharúil freisin gurb é leas an phobail é go leigheasfaí aon neamhréireacht, fírinneach nó mothaithe, (nár feidhmíodh na príonsabail daortha cuí), seachas difríocht (torthaí daortha difriúla cuí, ag cur cúinsí difriúla san áireamh), i gcleachtais dhaortha sa Chúirt Dúiche, trí achomharc.

Córas Scagtha

Ghlac an Coimisiún leis gur féidir argóintí a dhéanamh in aghaidh a leithéid de nós imeachta achomhairc a thabhairt isteach, ach bhí sé den bharúil go bhféadfaí na hargóintí sin a laghdú trí chosaintí a thabhairt isteach sa nós imeachta, go háirithe go mbeadh gá le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a lorg. Chiallódh an "córas scagtha" sin, gan cur isteach ar aon cheart achomhairc atá ag aon údarás ionchúisimh cheana féin (mar atá i gcásanna sláinte agus sábháilteachta ag an obair), má tá an t-ionchúisitheoir den tuairim go bhfuil pianbhreith Cúirte Dúiche ró-bhog, gur chóir don ionchúisitheoir an cás a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun a chead a lorg d'achomharc laistigh de theorainn ama sonraithe.

Scóip na nAchomharc

Mhol an Coimisiún go mbeadh an córas achomhairc a bheadh i gceist ó aon phianbhreith a ghearrfadh an Chúirt Dúiche ar chiontú lena n-áirítear fineálacha, príosúnacht, orduithe seirbhíse poiblí, chomh maith le saorbhreithiúnais choinniollacha lena n-áirítear orduithe a dhéanfaí faoin *Probation of Offenders Act 1907* nó aon ordú eile a dhéanfaí ar bhreith ciontach gan ciontú a thaifeadadh.

Mhol an Coimisiún go mba cheart an t-achomharc a thabhairt go dtí an Chúirt Chuarda agus go mbeadh an fhoráil achomhairc sin ag teacht le téarmaí alt 2 den *Acht um Cheartas Coiriúil 1993*, agus go bhféadfaí an phianbhreith a athrú mar ba chúfí. Ba é tuairim an Choimisiúin gur cheart don Chúirt Chuarda, agus í ag breithniú achomharc, an teist a úsáid a fheidhmíonn an Chúirt Achomhairc Choiriúil agus í ag breithniú achomharc a thógtar ó phianbhreitheanna ar díotáil faoi alt 2 d'Acht 1993, is é sin, nár mhór go mbeifí imithe go mór ón bpianbhreith chúfí ionas gurb ionann é agus earráid phrionsabail.

Mar shampla, dá mbeadh sochar an *Probation of Offenders Act 1907* tugtha do chiontóir sa Chúirt Dúiche, ach gurb é tuairim na Cúirte Cuarda go mbeadh pianbhreith 9 mí príosúnachta oiriúnach, d'fhéadfaí an phianbhreith a athrú ar achomharc. Ar an lámh eile, dá ngearrfadh an Chúirt Dúiche pianbhreith 2 mhí agus gurb é tuairim na Cúirte Cuarda go bhféadfaí 3 nó 4 mhí a ghearradh, ní fheictear don Choimisiún go n-athrófaí é sin ar achomharc. Mhol an Coimisiún freisin, ó thaobh shaorbhreithiúnas de bhua tuilleánais, gur cheart gurbh é foirm an achomhairc ná an modh atá ann cheana féin faoin *Summary Jurisdiction Act 1857*, is é sin achomharc ar phointe dlí trí chás sonraithe go dtí an Ardchúirt.

Leasuithe eile

Sa Pháipéar, rinne an Coimisiún breithniú freisin ar mhodhanna féideartha eile chun déileáil le haon neamhréireacht daortha, firinneach nó mothaitheach, sa Chúirt Dúiche. Thug sé aghaidh ar cheist treoirilnte daortha a thabhairt isteach, agus d'athdhearbhaigh sé a mholadh ina Thuarasáil ar Dhaoradh (LRC 53-1996) nár cheart treoirilnte dóchúlá daortha a thabhairt isteach sa dlíne seo mar go mbeadh siad neamhréireach le nádúr lánroghnach pholasáil daortha na hÉireann.

Thacaigh an Coimisiún, áfach, leis na tuairimí i *dTuarascáil an Choiste Iompair agus Eitici Breithiúnach* (2000) go bhféadfadh an Coiste Staidéar Breithiúnach atá molta (cuid den Chomhairle Bhreithiúnach atá molta) leabhair cóimheasa daortha a ullmhú, cur chuige atá i gcomhréir leis na tuairimí a nocht an Coimisiún ina *Thuarascáil ar Dhaoradh*. Thug an Coimisiún aghaidh freisin ar cheist na scóipe atá ag ról an abhcóide ionchúisimh sa phróiseas ionchúisimh, anois agus san am atá le teacht, lena n-áirítear ról an abhcóide ag nochtadh tuairime maidir le tuilleánas nó eile a bhainfeadh le diúscairt daortha ar leith.

DLÍ CÁNACH

I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* (LRC 72-2004), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* (LRC CP-2003). D'éirigh an Tuarascáil agus an Páipéar Comhairliúcháin as iarratas ón Ard-Aighne i 2002 ar an gCoimisiún ceist bhunú Ionchúisitheora Fioscaigh agus Cúirte Cánach a bhreithniú. D'éirigh an t-iarratas sin as moladh go mbreithneofaí é sin i *dTuarascáil Dheiridh an Choiste Cuntas Poiblí, Fo-choiste um Ábhair Áirithe Cánach* (Fiosrúchán DIRT). Nótáil an Tuarascáil gur cheart bunú Ionchúisitheora Fioscaigh nó Cúirte Cánach a chur i gcomhthéacs na cabhrach a thabharfadh nó nach dtabharfadh ceachtar acu i ndéileáil le himghabháil cánach, atá, admhaítear, ina fadhb mhór in Éirinn.

Chuir an Coimisiún san áireamh an t-eagrú a rinneadh le déanaí ar na Coimisinéirí Ioncuim, rud a d'éirigh freisin as *Tuarascáil Fhiosrúcháin DIRT*. Cuireadh an t-athrú sin, lena n-áirítear Bunú Rannáin Imscrúdúcháin agus Ionchúiseamh agus fócas níos mó ar ionchúiseamh, i gcrích i dtreo

dheireadh 2003. Cé gur mhol an Coimisiún nach mbunófaí ionchúisitheoir fioscach ná cúirt cánach, rinne sé moltaí tábhachtacha freisin maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar na socraithe d'imschrúdúchán agus ionchúiseamh cionta cánach agus gnéithe gaolmhara eile den phróiseas cánach.

Ionchúisitheoir Fioscach

Ní mholann an Tuarascáil bunú oifige ar leith Stiúrthóra Ionchúiseamh Fioscach. Nótáil an Coimisiún an t-athrú polasaí ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith ionchúiseamh coiriúil, go háirithe an bhéim níos mó ar fhorfheidhmiú. De bharr an chur chuige a bheith níos géire ó thaobh imghabháil cánach a nochtadh agus a chúisiú, mhol an Coimisiún nár cheart ionchúisitheoir speisialach fioscach a bhunú. Bhí an Coimisiún den tuairim gur cheart go mbeadh cionta cánach i gcónaí mar chuid den ghnáthphróiseas coiriúil agus nár cheart go mbeadh aon difríocht idir an chaoi ina bpléifí le cionta cánach agus coireanna eile.

Ba é tuairim an Choimisiúin go raibh sé de bhuntáiste ag na socraithe ionchúisimh reatha go bhféadfadh siad tarraingt ar an saibhreas taithí atá ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, agus dá réir sin comhsheasmhacht a chinntiú i bpolasaí ionchúisimh. Mhol an Tuarascáil go ndéanfaí monatóireacht agus athbhreithniú ar na socruithe sin thar tréimhse 5 bliana.

Iníúchadh agus Faisnéisiú Coinníollach

Rinne an Tuarascáil roinnt moltaí maidir leis an bpróiseas iniúchta Cánach, go háirithe sa chás go bhféadfadh cúisimh choiriúla a bheith i gceist. D'fháiltigh an Tuarascáil roimh socruithe randamacha fíordhomhanda atá tugtha isteach agus á bhforbairt ag na Coimisinéirí Ioncaim ó 2004 ar aghaidh. Ó thaobh na scéime faisnéise coinníollaí, faoina bhfuil an fhéidearthacht ionchúisimh forchoimeáda do chásanna áirithe, mhol an Coimisiún gur cheart é sin a mhaolú.

An Próiseas Ionchúisimh

Cé nár mhol an Coimisiún go mbunófaí ionchúisitheoir fioscach, rinne an Tuarascáil roinnt moltaí tábhachtacha d'athchóiriú i dtaca le cionta neamhchomhdaithe agus ó thaobh cionta tromchúiseacha cánach eile. Mhol an Tuarascáil go bhféadfadh na Coimisinéirí Ioncaim breithniú ar straitéis sonrach a leanúint dóibh sin a chúiseofaí sa tríú cion neamhchomhdaithe nó níos mó. D'fhéadfadh iniúchadh uathúil agus mearchóras ionchúisimh a bheith san áireamh ansin agus an bhéim ar chúisiú fhíordhroch-chásanna, gan imthosca maolaitheacha, ar dhíotáil. Mhol an Tuarascáil freisin go mbunófaí Meabhrán Tuisceana idir an Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim i leith gabháil agus coinneáil ciontóirí amhrastacha cánach. Ó thaobh costas ionchúisimh, mhol an Tuarascáil freisin go dtabharfaí isteach cumhacht shainráite chun go mbeadh na Coimisinéirí Ioncaim in ann costais ionchúisimh áirithe, teoranta agus eisceachtúla, a éileamh i leith cionta ioncaim.

Liosta Mainnitheoirí Cánach

Mhol an Tuarascáil go mbeadh an tairseach d'fhoilsiú ainmneacha mainnitheoirí cánach treoirnasctha. Mhol an Tuarascáil go n-ardófaí é ón leibhéal reatha de 12,700 (a leagadh síos i 1983) go dtí 25,000, agus go mbeadh an figiúr sin treoirnasctha i gcomhréir leis an Innéacs Praghasanna Tomhaltais. Bhí an Coimisiún den tuairim go gcinnteoidh treoirnascadh an fhigiúra gur mainnitheoirí tromchúiseacha cánach a bheidh i gcónaí ar an liosta. Nótáileann an Coimisiún go molann alt 134 den Acht Airgeadais 2005 go n-ardófaí an tairseach go dtí 30,000 agus go ndéanfaí treoirnascadh leis an tsuim sin le hordú Aire gach 5 bliana.

Cúirt Cánach

Níor mhol an Tuarascáil go mbunófaí Cúirt Cánach ar leith. Ba é tuairim an Choimisiúin go raibh sé tábhachtach, ar bhonn prionsabail, go bhfeicfí cionta cánach, agus cionta "bhóna bháin" eile, mar gnáthchionta coiriúla. Mhol an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart déileáil leo sa ghnáthchóras cheartais choiriúil seachas i gcúirt cánach ar leith ina bhfeicfí b'fhéidir gur lú an t-ábhar náire a bheadh i gciontú. Mhol an Tuarascáil freisin go gcoimeádfai an ghiúiré i gcás trialacha ar dhíotáil do chionta cánach.

Athchóiriú ar na Coimisinéirí Achomhairc

Ba é tuairim an Choimisiúin freisin nár cheart cúirt cánach shibhialta ar leith a bhunú. I dtaca leis sin, cheangail an Coimisiún an tuairim sin le sraith moltaí d'fhonn neamhspleáchas na gCoimisinéirí loncaim a bhuanú agus comhlíonadh Choinbhinsiúin Cearta Daonna na hEorpa a chinntiú. Go háirithe, mhol an Coimisiún go leanfadh an tAire Airgeadais ag déanamh ceapachán ach tar éis nós imeachta ainmniúcháin ó choiste ceapachán saineolach agus go mbeadh na Coimisinéirí loncaim in oifig ar feadh téarma inathnuaite 7 mbliana. I dtaca le cleachtas agus dlínse na gCoimisinéirí Achomhairc, rinne an Tuarascáil líon mór moltaí i gcomhair athchóirithe. Orthu sin tá, liostáil achomharc ó na Coimisinéirí loncam go dtí Oifig na gCoimisinéirí Achomharc, finné a mhionnú, cinní a thaifeadadh, scóip a ndlínse a mhéadú chun achomhairc in aghaidh pionós agus eisiúint sainorduithe a chur san áireamh.

Achomhairc go dtí an Chúirt Chuarda

Mhol an Tuarascáil go luífeadh achomhairc ó na Coimisinéirí Achomhairc go dtí an Chúirt Chuarda, seachas na socrúithe reatha mar a bhfuil an t-achomharc go dtí Breitheamh Cúirte Cuarda. Soiléireoidh an moladh go mbeidh Cláraitheoir i láthair ag achomhairc ioncaim. Mhol an Tuarascáil freisin go leathnófaí ceart achomhairc na gCoimisinéirí loncaim chun go mbeadh na cearta céanna achomhairc acu leis an gcáinócóir (i láthair na huaire, ní féidir leis na Coimisinéirí loncaim achomhairc a dhéanamh ach amháin i gcásanna maidir le cáin ar fháltais chaipitiúla)

Ag lánse an Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach (ó chlé) Marian Shanley Coimisinéir, An Breitheamh Onórach Declan Budd Uachtarán na Coimisiúin, Brian Cowan An t-Aire Airgeadais, Sinéad Ring Taighdeoir Dlí, Patricia Rickard-Clarke Coimisinéir agus Hilary Delany Coimisinéir.



DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACADH

Dlí Talún agus Tíolacadh go Ginearálta, lena n-áirítear ríomhthíolacadh

Rinne an Coimisiún dul chun cinn mór i 2004 ag tabhairt aghaidh ar an líon mór ceisteanna a ardaíodh sa Dara Clár i leith dlí talún agus tíolacadh. I mí an Mheithimh 2004, d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mionsonraí Chomhthionscadail ar Dlí Talún agus Reachtanna Tíolactha atá ar bun ag an Roinn agus an Coimisiún chun athrú chun dáta agus nuachóiriú a dhéanamh ar dhlí talún agus tíolactha na hÉireann. Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis an gComhthionscadal i gCaibidil 3.

Athchóiriú agus Nuachóiriú an Dlí Ábhartha

Chríochnaigh an chéad chéim den Chomhthionscadal le foilsiú *Pháipéir Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC CP 34-2004) i mí Dheireadh Fomhair 2004. Tá athbhreithniú sa Pháipéar sin ar an reachtaíocht atá ann ar dlí ábhartha talún agus tíolactha, lena n-áirítear os cionn 150 reacht réamh-1922, ag tosú le *De Donis Conditionalibus* na

bliana 1285 suas go dtí an *Conveyancing Act 1911*. Bhí Grúpa Oibre Dlí Ábhartha an Choimisiúin i mbun na céime sin den Chomhthionscadal faoi threoir speisialach an Ollaimh JCW Wylie, Ollamh le Dlí in Ollscoil Cardiff.

Molann an Páipéar go ndéanfaí aisghairm, athrú chun dáta agus athchóiriú (mar is cuí) ar an dlí maidir le dlí talún agus tíolacadh d'fhonn Bille códaithe Dlí Talún a ullmhú. Baineann a lán de na moltaí sa Pháipéar le haisghairm reachtanna atá dulta i léig le fada nó a bhfuil forbairtí dlí níos déanaí tagtha ina n-áit. Mhol an Coimisiún freisin aisghairm reachtanna mí-aimseartha atá ar leabhar reachtanna na hÉireann, cosúil le reachtanna a fhorálann do chíosanna a bhí iníoctha tráth le Coróinn Shasana, reachtanna do thionscadail draenála talún sa 19ú céad, agus reachtanna d'fhoirmeacha úinéireachta talún nach ann dóibh níos mó. Rinne an Páipéar moladh sealadach freisin chun athchóiriú a dhéanamh ar roinnt reachtanna atá in úsáid go minic ag tíolacóirí in idirbhearta maoiné ó lá go lá ach a théann siar beagnach 150 bliain agus a bhfuil an teanga ina bhfuil siad dréachtaithe ársa gan ábhar.

Tá an Coimisiún go mór faoi chomaoin ag comhaltaí an Ghrúpa Oibre, faoi chathaoirleacht an Ollaimh Wyle, as a ndílseacht leanúnach don tionscadal.

Morgáistí Breithiúnais

I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais* (LRC CP 30-2004). Tá morgáiste breithiúnais ar cheann de roinnt nósanna imeachta difriúla atá ar fáil do chreidiúnais breithiúnais a bheadh ag iarraidh breithiúnas a chur i bhfeidhm in aghaidh fhéichiúnais breithiúnais a dteipeann air nó a dhiúltaíonn íoc. Déanann an Páipéar athbhreithniú ar an dlí reatha, atá bunaithe ar an *Judgment Mortgage (Ireland) Act 1850* agus an *Judgment Mortgage (Ireland) Act 1858*, ag tagairt go háirithe do na heasnamh sa dlí agus nósanna imeachta reatha. Déanfar corprú ar na moltaí sa chomhthéacs sin sa Chomhthionscadal agus san Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún, a pléadh thuas.

Nithe Imeachtúla

Mhol an Coimisiún gur cheart go mbeadh sé soiléir ón reachtaíocht nach gá do chreidiúnais breithiúnais an morgáiste breithiúnais a athnuachan gach cúig bliana. Mhol an Coimisiún freisin go ndéanfaí aisghairm, comh fada agus is gá, ar alt 291 *d'Acht na gCuideachtaí 1963* agus go gcuirfí foráil ina áit a chiallódh go mbeadh tosaíocht ag morgáiste breithiúnais a bheadh cláraithe in aghaidh leas i dtalamh a bheadh sealbhaithe ag cuideachta amháil is gur urrús a bunaíodh go toiliúil a bhí ann.

Mhol an Coimisiún freisin gur cheart go mbeadh morgáiste breithiúnais faoi réir na riachtanas clárúcháin céanna a fheidhmítear do na foirmeacha eile urrúis atá leagtha síos in alt 99 *d'Acht na gCuideachtaí 1963*. Dá réir sin mura gcláraíonn an creidiúnais breithiúnais sonraí an mhuirir laistigh de 21 lá óna bhunú ba cheart go mbeadh an morgáiste breithiúnais ar neamhní in aghaidh leachtaitheora agus creidiúnaithe eile na cuideachta.

Athchóirithe Ginearálta

Mhol an Coimisiún go gcoimeádfá taifeadh na mbreithiúnas i gClárlann na Talún agus i gClárlann na nGníomhas mar is cuí, ag tagairt go háirithe don mhaoin, seachas clárlann láir breithiúnas a chur ina n-áit ag tagairt d'ainmneacha agus seoltaí na bhféichiúnaithe breithiúnais.

Mhol an Coimisiún gur cheart go leagfadh foirm iarratais amach na sonraí riachtanacha, lena n-áirítear ainmneacha na bpáirtithe sa chaingean agus mionsonraí na maoiné atá le bheith faoi réir an mhorgáiste breithiúnais. Molann an Coimisiún gur cheart go gcuirfí clárúchán ar fáil chun oibriú mar mhuirear ag an bhféichiúnais breithiúnais ar an maoin.

Mhol an Páipéar freisin go mbeadh tosaíocht ag morgáiste breithiúnais ar (a) gach morgáiste breithiúnais a bheadh cláraithe níos déanaí ná é agus (b) gach eire níos déanaí ná é, cláraithe nó gan a bheith cláraithe. Níor cheart, áfach, go mbeadh tosaíocht ag morgáiste breithiúnais cláraithe ar mhuirir nó leasanna cothromais níos luaithe ná é, cláraithe nó gan a bheith cláraithe.

Mhol an Coimisiún gur cheart do mhorgáiste breithiúnais “taisteal leis an talamh” agus go gceanglódh sé gach ceannaitheoir ar luach-chomaoin agus deonach ina dhiaidh sin. I gcomhthéacs sonrach teach teaghlaigh, níor mhol an Coimisiún an dlí a leasú chun go mbeadh gá le toiliú céile neamh-úinéireachta d’fhonn morgáiste breithiúnais a chlárú, ach mhol sé nó nach bhféadfaí díol tí teaghlaigh faoi mhorgáiste breithiúnais a ordú mura n-ordódh cúirt a leithéid.

*Ag lainse an Páipéar
Comhairliúcháin ar Chearta
agus Dualgais Daoine in
Aontíos Céileachais (ó chlé)
Patricia Rickard-Clarke
Coimisinéir, An Breitheamh
Onórach Catherine McGuinness
don Chúirt Uachtarach, An
Breitheamh Onórach Declan
Budd Uachtarán na Coimisiúin
agus Marian Shanley Coimisinéir.*



DLÍ TEAGHLAIGH

Ceartha agus Dualgais Daoine in Aontíos Céileachais

I 2004, d’fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais* (LRC CP 732-2004). Rinne an Páipéar Comhairliúcháin scrúdú ar chearta agus dualgais dhaoine in aontíos céileachais faoi roinnt ceannteideal, lena n-áirítear cearta maoinne, comharbas, cothabháil, leas sóisialach, pinsin, cánachas, cúram sláinte, agus foréigean teaghlaigh. Chomh maith leis sin, mhol an Páipéar go spreagfaí daoine in aontíos céileachais chun a gcúrsaí airgeadais agus maoinne a rialú trí chomhaontuithe comh-úinéireachta.

Daoine Cáilithe in Aontíos Céileachais

Bhainfeadh na moltaí atá á ndéanamh le ‘daoine cáilithe in aontíos céileachais,’ a shainmhíneáil mar dhaoine atá ina gcónaí le chéile i gcaidreamh ‘cosúil le pósadh’ ar feadh tréimhse leanúnach trí bliana nó, sa chás go bhfuil leanbh ón gcaidreamh, ar feadh dhá bhliain. Áirítear leis sin caidrimh idir lánúna aon-íncne nó malairt-íncne, nach bhfuil ceachtar díobh pósta lena chéile nó le haon duine eile. Maíonn an Coimisiún go bhfuil sé riachtanach aon duine atá pósta a fhágáil as an áireamh de bharr Airteagal 41 den Bhunreacht, a phléann le forálacha i leith an Teaghlaigh. Níl foirmeacha eile caidrimh teaghlaigh, cosúil leis an gcaidreamh idir cairde nó baill teaghlaigh atá in aontíos san áireamh sa sainmhíniú ach an oiread.

Iarratas chun na Cúirte i gcomhair Faoisimh

Molann an Coimisiún gur cheart go dtabharfaí an ceart do ‘dhaoine cáilithe in aontíos céileachais’ iarratas a dhéanamh chun na Cúirte i gcomhair cearta agus faoisimh airgeadais áirithe nuair a thagann deireadh leis an gcaidreamh aontíos céileachais. Claíonn an Páipéar Comhairliúcháin le cearta agus dualgais dhaoine in aontíos céileachais agus ní dhéanann sé anailís ar pé acu ba cheart scéim clárúcháin comhpháirtíochta a thabhairt isteach. Deir an Páipéar Comhairliúcháin go

mbaineann ábhair chasta polasaí leis an gceist sin agus go dtuilleann sé plé ar leith, cé go nótálann sé go mbeadh na ceisteanna sonracha a phléitear sa Pháipéar Comhairliúcháin san áireamh freisin in aon scéim dá leithéid, faoi mar atá i *Civil Partnership Act 2004* na Breataine.

Moltaí ar Leith

Is iad seo a leanas príomh-mholtaí an Pháipéir Comhairliúcháin. Molann an Coimisiún go mbeadh sé de cheart ag “daoine cáilithe in aontíos céileachais” iarratas a dhéanamh ar orduithe coigeartaithe maoiné i gcúinsí eisceachtúla. Molann sé freisin go mbeadh sé de cheart acu faoiseamh a iarraidh faoi dhlí comharbais sa chás nach bhfuil foráil déanta in uacht an duine mhairbh nó faoi rialacha díthiomnachta. Chomh maith leis sin, mhol an Páipéar go mbeadh sé de cheart acu iarratas a dhéanamh ar ordú cothabhála i gcúinsí eisceachtúla. I gcomhthéacs reachtaíochta leasa shóisialaigh, mhol an Páipéar go leathnófaí an sainmhíniú ar aontíos céileachais chun daoine i gcaidrimh aon-inscne a chur san áireamh. Mhol an Páipéar freisin gur cheart caidreamh ‘dhaoine cáilithe in aontíos céileachais’ a aithint sa chód cánachais.

Mhol an Coimisiún freisin gur cheart gur páirtithe fógartha a bheadh i ‘ndaoine cáilithe in aontíos céileachais’ do Chumhacht Aturnae Bhuanseasmhach faoin *Acht um Chumhacht Aturnae 1996*. Mhol an Páipéar freisin go dtabharfaí níos mó aitheantais do ‘dhaoine cáilithe in aontíos céileachais’ i gcomhthéacs staideanna cúraim sláinte agus i gcinnteoireacht a bhaineann lena gcomhpháirtithe.

Mhol an Coimisiún freisin go gcuirfí ‘daoine cáilithe in aontíos céileachais’ san áireamh laistigh den sainmhíniú ar chleithiúnaithe chun críocha an *Achta um Dhliteanas Sibhialta 1961* mar a phléann sé le caingne sibhialta faoi bhás éagórach. Chomh maith leis sin, mhol an Páipéar roinnt athruithe ar an *Acht um Fhoréigean Baile 1996*. Orthu sin bhí: go laghdófaí an riachtanas cónaitheachta i ndáil le horduithe urchoisc do lánúna in aontíos céileachais ó 6 as an 9 mí roimhe sin go dtí 3 as an 12 mhí roimhe sin; go gcuirfí deireadh leis an riachtanas cónaitheachta do dhaoine in aontíos céileachais a bheadh ag lorg ordaithe urchoisc sa chás go bhfuil úinéireacht nó tionóntacht aonair acu ar an maoin, agus go gcuirfí deireadh leis an riachtanas cónaitheachta i leith orduithe sábháilteachta.

OBAIR IDIR LÁMHA AG AN GCOIMISIÚN I 2004

RÉAMHRÁ

I gCaibidil 2 rinne an Coimisiún cur síos ar a chuid foilseacháin i rith 2004. Cuireann an Caibidil seo síos ar ghnéithe eile de Chlár Oibre rothlach an Choimisiúin faoin *Dara Clár Athchóirithe Dlí*. Cosúil le Caibidil 2, tá sé áisiúil an Clár Oibre rothlach a phlé faoi na brainsí dlí seo a leanas atá aitheanta sa *Dara Clár* i gcomhair scrúdaithe d'fhonn iad a athchóiriú.

- 1 An Córas Dlí
- 2 Dlí na Fianaise
- 3 Dlí Riaracháin
- 4 Dlí Coiriúil
- 5 Dlí Talún agus Tíolacadh
- 6 Grúpaí Soghonta agus an Dlí
- 7 Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Tá deis sa Chaibidil seo freisin plé a dhéanamh ar aon fhorbairtí ábhartha i dtaca le moltaí athchóirithe dlí a rinne an Coimisiún roimhe seo a cur i ngníomh

AN CÓRAS DLÍ

Caingne Aicmeacha agus Caingne Ionadaíochta

I rith 2004, rinneadh dul chun cinn substaintiúil ar ullmhú Tuarascála maidir le Dlíthíocht Ilpháirtí, tar éis don Choimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlíthíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)* (LRC CP 25) a fhoilsiú. Beidh an Tuarascáil sin ag plé leis an nós imeachta atá le leanúint nuair atá an chúis caingne chéanna ag líon daoine in aghaidh an chosantóra céanna (in Éirinn, mar shampla, 'éilimh bodhaire an Airm' le déanaí). Scrúdóidh an Tuarascáil, a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún í a fhoilsiú i 2005, conas is féidir dlíthíocht mar sin a stiúradh i mbealach a bheadh éifeachtach agus cothrom ó thaobh nós imeachta, ag cur leasanna na bpáirtithe ar fad san áireamh.

Comhdhlúthú agus Athchóiriú ar Achtanna na gCúirteanna

I 2004, chuir an Coimisiún tús le réamhobair ar thionscadal chun comhdhlúthú agus athchóiriú a dhéanamh ar Achtanna na gCúirteanna, ag cuimsiú ní hamháin reachtaíocht a ritheadh ó 1924 ach freisin reachtaíocht ábhartha roimh 1922. Tá an tionscadal tábhachtach dúshlánach seo á stiúradh ag an gCoimisiún le tacaíocht na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna.

DLÍ NA FIANAISE

Fianaise Fhóiréinseach

Mar a nótáladh i gCaibidil 2, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA* (LRC CP 29-2004) i 2004. Tionóladh seimineár faoin bPáipéar i mí Mheán Fómhair 2004, agus cuireadh tús le hobair ar ullmhú Tuarascáil an Choimisiúin ar an ábhar.

DLÍ RIARACHÁIN

Fiosrúcháin Phoiblí lena n-áirítear Binsí Fiosrúcháin

Rinneadh dul chun substaintiúil i rith 2004 in ullmhú *Tuarascála ar Fhiosrúcháin Phoiblí lena n-áirítear Binsí Fiosrúcháin*, tar éis don Choimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhiosrúcháin Phoiblí lena n-áirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC CP 22-2003) a fhoilsiú. Foilseofar an Tuarascáil sa chéad leath de 2005. Nótálann an Coimisiún gur corpraíodh roinnt prionsabal a pléadh sa *Pháipéar Comhairliúcháin san Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004*.

DLÍ COIRIÚIL

Dlí Dúnbhásaithe

I 2001, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Gné na hIntinne i nDúnmharú* (LRC CP 17-2001), a thug aghaidh ar na difríochtaí coincheapúla atá mar bhonn leis an idirdhealú idir dúnmharú agus dúnorgain go háirithe. Mar ullmhúchán do Thuarascáil ar an ábhar tábhachtach sin, cuirfidh an Coimisiún tús le hobair in am tráth ar *Pháipéar Comhairliúcháin ar dhúnorgain*.

Dliteanas Coiriúil Corparáideach

I mí na Nollag 2004, reachtáil an Coimisiún seimineár ar a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach* (LRC CP 26-2003 agus tá tús curtha le hobair chun Tuarascáil a ullmhú faoin ábhar.

Cosaintí

I 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dúnbhású: Briogadh a Phléadáil* (LRC CP 27-2003), atá mar chuid de shraith páipéar ar chosaintí sa Dlí Coiriúil. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i rith 2004 ar dhá *Pháipéar Comhairliúcháin eile* sa tsraith, ag plé le Cosaint Dhlisteanach, agus Éigeantas agus Riachtanas, faoi seach. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún na *Páipéir Chomhairliúcháin sin* a fhoilsiú i 2005.

Ceartas Íocshláinteach

Bíonn ceartas íocshláinteach ag iarraidh go mbeadh an ciontóir, an t-íospartach agus an pobal páirteach in iompar coiriúil a réiteach. Is cur chuige fadhb-réitigh ar choiriúlacht atá ann dáirire, ina mbíonn na páirtithe féin agus an pobal trí chéile páirteach. Lean an Coimisiún air i rith na bliana ag scrúdú dhá ábhar ar leith faoin gceannteideal seo, *Bosca Bochtán na Cúirte* agus úsáid ráiteas iarmharta íospartach. Mar a nótáladh i gCaibidil 2, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte* (LRC CP 31-2004) i 2004. Rinne an Coimisiún tuilleadh dul chun cinn freisin ina scrúdú ar úsáid ráiteas iarmharta íospartach. Tá an Coimisiún feasach freisin ar an obair atá ar bun sa réimse sin ag an gComhairle Náisiúnta Coiriúlachta.

DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACADH

Dlí Ábhartha agus Riomhthíolacadh

Chomh maith leis na foilseacháin atá luaite i gCaibidil 2, rinne an Coimisiún roinnt mhaith dul chun cinn i 2004 ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an líon mór ceisteanna a ardaíodh sa Dara Clár faoi dhlí talún agus tíolacadh. I mí an Mheithimh 2004, d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mionsonraí *Chomhthionscadail ar Dlí Talún agus Reachtanna Tíolachta* atá ar bun ag an Roinn agus an Coimisiún chun athrú chun dáta agus nuachóiriú a dhéanamh ar dhlí talún agus tíolachta na hÉireann. Tá trí chéim sa Chomhthionscadal.

An Comhthionscadal ar Dlí Talún agus Reachtanna Tíolachta

Próiseas scagtha a bhí i gCéim 1 ina ndearnadh athbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann cheana féin d'fhonn reachtanna a bhféadfaí iad a aisghairm gan tada a chur ina n-áit agus reachtanna nár mhór forálacha nua-aimseartha a chur ina n-áit, a aithint. Cuireadh é sin i gcrích nuair a d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann* (LRC CP 34-2004), a phléitear i gCaibidil 2. Tá próiseas leathan comhairliúcháin i gceist le Céim 2, lena n-áirítear comhdháil faoi 'Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann a Nuachóiriú' a reachtáil an Coimisiún sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath ar an 25 Samhain 2004. Bhí os cionn 200 teachta i láthair ag an gComhdháil lenar labhair aoi-chainteoirí idirnáisiúnta agus ag ar pléadh na moltaí athchóirithe a aithníodh sa Pháipéar Comhairliúcháin maraon le nuachóiriú Chlárlann na Talún agus ullmhúcháin do ríomhthíolacadh. I gCéim 3 beidh Tuarascáil á dréachtadh ag an gCoimisiún, le foilsiú i 2005, ina mbeidh dréacht-reachtaíocht chun na moltaí a bheidh ag dul léi a chur i gcrích.

Ag an Comhdháil faoin Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann a Nuachóiriú (ó chlé) Catherine Tracey Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Cláiritheoir na nGníomhas agus Teidlí (cainteoir), Steve Kelway Cláiritheoir na Talún i Sasana agus an Bhreatain Bheag (cainteoir), Patricia Rickard-Clarke Coimisinéir (cainteoir), John O'Sullivan Bainisteoir Córas Eolais do Chlárlann na Talún (cainteoir), an t-Ollamh John Wylie Ollamh Dlí in Ollscoil Cardiff (cainteoir), Michael McDowell an t-Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Breitheamh Onórach Declan Budd Uachtarán na Coimisiúin, An Breitheamh Onórach Mary Laffoy (cainteoir), Dr Charles Harpum Abhcóide Londain (cainteoir), an t-Ollamh Finbarr McAuley Coimisinéir.



An Tionscadal Ríomhthíolactha

Is cuid é an Comhthionscadal de Thionscadal níos leithne Ríomhthíolactha an Choimisiúin. Bunaíodh an Tionscadal go luath i 2003 chun dualgas an Choimisiúin faoina Dhara Clár Athchóirithe Dlí athbhreithniú a dhéanamh ar "dlí agus cleachtas tíolactha i réimsí ina bhféadfadh sé sin airgead a shábháil do cheannaitheoirí tí", a comhlíonadh, agus é mar mhórchuspóir aige dul i dtreo mhúnla tíolactha gan pháipéar ar líne. Mheas an Coimisiún go raibh sé an-phráinneach go dtabharfaí aghaidh ar cheist an Ríomhthíolactha i bhfianaise an mhéadaithe ar ríomhairiú laistigh de chomhlachtaí poiblí na hÉireann, cosúil le Seirbhís Ríomhrochtana Chlárlann na Talún, agus críochnú thionscadal na Léarscáile Digití. Is léiriú é freisin ar fhorbairt i ndlínsí eile, go háirithe i gCeanada, sa Nua-Shéalainn, agus i Sasana agus an Bhreatain Bheag, mar a bhfuil an t-athrú go foirm leictreonach tíolactha go maith chun tosaigh ar Éirinn.

Is freagra é an Tionscadal Ríomhthíolactha freisin ar pholasáí rialtais mar atá léirithe ag achtú an *Achta um Thráchtáil Leictreonach 2000* agus an feachtas chun an fhealsúnacht atá laistiar de a chur i ngníomh, mar atá leagtha amach i Straitéis Sochaí Faisnéise an Rialtais, Nascanna Nua. Mar adeir an Plean Gnímh: "is é príomhthábhacht na Sochaí Faisnéise go dtugann sí deis dúinn nascanna nua a dhéanamh – nascanna a thugann dúshlán toimhdí traidisiúnta ar cad atá féideartha agus cathain atá sé féideartha. Tá teicneolaíochtaí líonraithe ag cur réimse nua féidearthachtaí i láthair chun comhlánú a dhéanamh ar na bealaí traidisiúnta atá againn chun idirghníomhú agus gnó a dhéanamh."

Duail Dlí Riaracháin, Dlí Nós Imeachta agus Dlí Ábhartha

Chomh maith leis an gComhthionscadal ar Dlí Talún agus Reachtanna Tíolactha, atá dírithe ar an dlí ábhartha a athchóiriú, tá dhá “dhual” nó gné leathan eile ag baint leis an Tionscadal Ríomhthíolactha, ar a dtugtar an Dual Riaracháin agus an Dual Nós Imeachta faoi seach. Tá an Dual Riaracháin bainteach le feidhmiú na teicneolaíochta ar idirbhearta tíolactha agus is staidéar é ar conas a chuireann comhlachtaí poiblí seirbhís do, nó faisnéis a úsáidtear i dtaca le, idirbhearta dá leithéid ar fáil. Cuireann an Dual Nós Imeachta anailís céim ar chéim i bhfeidhm ar an bpróiseas tíolactha féachaint leis an bpróiseas a chur ag obair go leictreonach. Beidh a leithéid d’anailís ar bun ag an gCoimisiún i 2005 féachaint le moltaí a dhéanamh ar conas is féidir cleachtas tíolactha a athchóiriú i gcóras clárúcháin ríomhbhunaithe. Tá an Coimisiún buíoch den Chumann Faisnéise a a chur in iúl dúinn i 2004 go mbeadh maoiniú ar fáil don anailís seo i 2005.

An Dlí maidir le Forbairtí Ilaonaid

I 2004, rinneadh roinnt mhaith dul chun cinn ar pháipéar comhairliúcháin ag plé le forbairtí ilaonaid, lena n-áirítear forbairtí árasán. Foilseoidh an Coimisiún an páipéar sin i 2005, agus scrúdóidh sé pé acu an bhfuil gá le rialú reachtúil ar na forbairtí sin nó arbh leor forálacha ‘mainneachtana’ nó ‘teasargana’; réimsí ina bhfuil fadhbanna le struchtúir bhainistíochta; réiteach aighneas; táillí seirbhíse; agus cosaint tomhaltóirí.

Dlí na nIontaobhas lena n-áirítear Dlí na gCarthanas

Lean an Coimisiún air ag obair i gcomhairle leis na Ranna ábhartha rialtais (go háirithe an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) atá ag plé le hathchóiriú ar dhlí carthanas. Mar thoradh ar sin, thosaigh an Coimisiún obair i 2004 ar Pháipéar Comhairliúcháin a ullmhú chun scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an dlí ginearálta maidir le hiontaobhais, go háirithe an dlí i dtaca le hiontaobhaithe, a leasú agus a athchóiriú. Mar thoradh ar sin foilsíodh *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Iontaobhas – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Iontaobhas Carthanas – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 37-2005), rud a bhfillfidh an Coimisiún air ina Thuarascáil Bhliantúil 2005.

GRÚPAÍ SOGHONTA AGUS AN DLÍ

An Dlí a Bhaineann le Daoine le Michumais Fhísiciúla, Intinne nó Foghlama

I 2003, d’fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí agus Daoine Scothaosta* (LRC CP 23-2003). Cé gur thug an Páipéar Comhairliúcháin aghaidh díreach ar aon chatagóir amháin de dhaoine soghonta, fuair an Coimisiún aighneachtaí ó ghrúpaí ionadaíoch ar chatagóirí eile daoine soghonta, go háirithe iad sin le hinniúlacht theoranta i súile an dhlí. Mar sin, shocraigh an Coimisiún go mbeadh sé cuí an Páipéar Comhairliúcháin a leanúint le tuilleadh oibre ar an sainmhíniú atá ar inniúlacht ó thaobh dhaoine fásta soghonta go ginearálta roimh dul ar aghaidh le foilsiú Tuarascála ar an Dlí agus Daoine Scothaosta. Rinneadh roinnt mhaith dul chun cinn i 2004 ar an bPáipéar sin, a dhéanfaidh scrúdú freisin ar thoiliú do chóir leighis, agus tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an Páipéar sin a fhoilsiú sa chéad leath de 2005.

DLÍ TRÁCHTALA AGUS DLÍ NA N-OIBLEAGÁIDÍ

Dlí na dTortanna

I 2002, d’fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhlíteanas Sibhialta (Leasú) 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí* (LRC 68-2002), tar éis iarratais ón Ard-Aighne. Nótálann an Coimisiún gur chuir Alt 27 den *Acht um Dhlíteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004* an mhórchuid de moltaí na Tuarascála i ngníomh.

Dlí Conartha

Baineann roinnt Páipéar Comhairliúcháin atá foilsithe ag an gCoimisiún le breithniú ar ghnéithe de dhlí conartha. Mar shampla, rinne an *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí agus Daoine Scothaosta* (LRC CP 23-2003) breithniú ar an dlí maidir le tionchar míchuí agus margáí neamhchoinsiasacha. I 2004, lean an Coimisiún air ag obair ar fhorbairt tionscadal ar leith ag baint le dlí conartha, go háirithe ionpháirteacht i gconradh agus cearta trú páirtithe. Ag leanúint as sin, cuirfidh an Coimisiún tús i 2005 le hullmhú pháipéir comhairliúcháin ar an ábhar sin.

Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

Nótálann an Dara Clár go raibh an Coimisiún páirteach in idirbheartaíocht agus ullmhúchán comhaontuithe éagsúla idirnáisiúnta, go háirithe sa réimse dlí príobháideach idirnáisiúnta (easaontú na ndlíthe), lena n-áirítear a bhforfheidhmiú i ndlí na hÉireann. D'ullmhaigh an Coimisiún líon mór tuarascálacha maidir le forfheidhmiú Coinbhinsiún a d'ullmhaigh UNIDROIT, UNCITRAL agus Comhdháil na Háige ar Dhlí Príobháideach Idirnáisiúnta. Tuigeann an Coimisiún gur gá go mbeadh aon leasú athchóirithe i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit sa réimse seo.

An tSochaí Faisnéise

Tugann an Dara Clár Athchóirithe Dlí le fios go scrúdóidh an Coimisiún gnéithe de thráchtáil leictreonach agus an t-idirlíon, má tá sé sin oiriúnach i bhfianaise na ngníomhaíochtaí atá ar bun nó le bheith ar bun ag Ranna Rialtais. Is tionscnamh tábhachtach ag baint leis an ngné sin den Dara Clár tionscadal ríomhthíolactha an Choimisiúin a pléadh thuas.

RIARACHÁN

RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo, tá cur síos ag an gCoimisiún ar na gnéithe riaracháin dá chuid oibre. Dírionn sé ar na socruithe agus tacaíochtaí tábhachtacha riaracháin a chinntíonn gur féidir Clár Oibre Rothlach an Choimisiúin a fheidhmiú go praiticiúil. Léiríonn an Tábla seo a leanas struchtúr reatha an Choimisiúin.

Coimisiún (5 chomhalta)
Uachtarán
1 Choimisinéir Lánaimseartha
3 Choimisinéir Páirtaimseartha

Riarachán
Rúnaí/Ceann Riaracháin
Bainisteoir Tionscadal
Oifigeach Feidhmiúcháin
Rúnaí Príobháideach don Uachtarán
2 Oifigeach Cléireachais

Taighde agus Leabharlann
Stiúrthóir Taighde
8 Taighdeoir Dlí lánaimseartha
1 Bhainisteoir FaisnéiseDlí /
Leabharlannaí
1 Chatalógaí/Cúntóir Leabharlainne

AN COIMISIÚN

Tá Uachtarán agus ceathrar Choimisinéirí ar an gCoimisiún. Ceapann an Rialtas na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le cúig bliana, agus is féidir a gceapacháin a athnuachan. Tá beirt Choimisinéirí lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha ar an gCoimisiún reatha. Tá Uachtarán an Choimisiúin i 2004, breitheamh Ardchúirte, ar dhuine de na Coimisinéirí lánaimseartha. Is aturnae í an Coimisinéir lánaimseartha eile a bhí, go dtí gur ceapadh í, ina comhpháirtí i ngnólacht mhór aturnaetha. Is iad an triúr atá mar Choimisinéirí páirtaimseartha, faoi seach: abhcóide, atá freisin ina cheann ar scoil dlí ollscoile; ollamh dlí ollscoile; agus aturnae, atá freisin ina comhalta den Choimisiún chun Fiosrú a Dhéanamh ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí

Tógann an Coimisiún mar chomhlacht na mórchinní ar fad a bhaineann leis an gCoimisiún. Orthu sin tá, clár a chur ar aghaidh i gcomhair athchóiriú dlí, aschur taighde an Choimisiúin mar atá i bPáipéir Comhairliúcháin agus Tuarascálacha, maraon le gnóthaí tábhachtacha riaracháin, airgeadais agus eile. Buaileann an Coimisiún le chéile go foirmiúil mar chomhlacht ar a laghad uair sa mhí. Chomh maith leis sin, buaileann a chomhaltaí le chéile go minic, agus bíonn siad i gcumarsáid agus i gcomhairle sheasta, leanúnach le chéile agus le foireann an Choimisiúin.

FOIREANN RIARACHÁIN

Tá trí phríomhfheidhm i gceist i riarachán an Choimisiúin ó lá go lá: riarachán ginearálta (lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise), pearsanra agus airgeadas. Cuireann an Rúnaí/Ceann Riaracháin agus baill eile den fhoireann riaracháin, ag gníomhú faoi threoir an Choimisiúin, na feidhmeanna seo i ngníomh.

Ó thaobh riaracháin ghinearálta, is ag an Rúnaí/Ceann Riaracháin atá an príomhfhreagracht as

bainistíocht oifige, lena n-áirítear scaipeadh ciorclán agus treoirlínte ábhartha ón Státseirbhís, agus comhthadhlú leis an bhfoireann riaracháin faoi cheisteanna ar leith cosúil le teicneolaíocht faisnéise. I taca le cúrsaí pearsanra, tá an Rúnaí/Ceann Riaracháin freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar phá agus rátaí pá do chomhaltáí agus fostaithe an Choimisiúin (ag gníomhú laistigh de threoirlínte na Roinne Airgeadais), maraon le ceisteanna gaolmhara cosúil le sábháilteacht agus sláinte.

Ó thaobh airgeadais, déanann an Rúnaí/Ceann Riaracháin rialú agus monatóireacht ar ioncam agus caiteachas uile an Choimisiúin agus ullmhaíonn sé meastachán bliantúil caiteachais le cur faoi bhráid agus le faomhadh ag an Roinn Airgeadais. Ullmhaíonn an Rúnaí/Ceann Riaracháin cuntais iomlána go bliantúil freisin le cur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá Oifigeach Cuntasaíochta Oifig an Ard-Aighne mar Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún. Tá plé níos mine ar an bhfeidhm airgeadais thíos.

I gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin, tá tacaíocht ag an Rúnaí/Ceann Riaracháin ó fhoireann bheag riaracháin. Ar an bhfoireann sin faoi láthair tá bainisteoir tionscadail, oifigeach feidhmiúcháin, rúnaí príobháideach don Uachtarán agus beirt oifigeach cléireachais. Ar na dualgais atá ar an mbainisteoir tionscadail tá forbairt phróifíil an Choimisiúin le freagracht ar leith as caidreamh poiblí agus caidreamh a bhainistiú le gníomhaireachtaí eile agus ranna rialtais. Tá sé freagrach freisin as comhthadhlú leis an gCoiste Comhairliúcháin agus Comhchoiste Ceartais, Cosanta agus Cearta Ban an Oireachtais. Tá freagrachtaí an Oifigigh Fheidhmiúcháin sna réimsí airgeadais agus pearsanra, lena n-áirítear PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oiliúint foirne agus bainistiú láithreáin gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie.

Tá cur síos cuimsitheach i láithreán gréasáin an Choimisiúin ar an gCoimisiún agus a chuid oibre, ag tabhairt mionsonraí ar obair idir lámha, agus ag iarraidh tuairimí agus aighneachtaí ar ábhair agus Páipéir Comhairliúcháin. Tá téacs iomlán na bPáipéar Comhairliúcháin agus Tuarascálacha go léir atá foilsithe ag an gCoimisiún ar an láithreán gréasáin freisin. Leanann an Coimisiún de bheith ag déanamh monatóireachta ar an láithreán gréasáin agus á thabhairt chun dáta chun a chinntiú go mbeidh sé i gcónaí éifeachtach agus chun aighneachtaí cuimsitheacha i bhformáid leictreonach a spreagadh.

Tá an rúnaí príobháideach don Uachtarán páirteach freisin i bhforfheidhmiú pholasaí IT an Choimisiúin. Ar na dualgais atá ar na hOifigigh Cléireachais tá tacaíocht ghinearálta riaracháin don Choimisiún agus freisin comhthadhlú le foireann an Leabharlainne.

Tá coiste feidhmiúcháin bunaithe ag an gCoimisiún freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú leanúnach ar shocruithe riaracháin. Buailteann an fhoireann feidhmiúcháin le chéile ar bhonn rialta chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar riarachán ginearálta an Choimisiúin.

Fostaíocht agus Michumas

Chomhlíon an Coimisiún an sprioc 3% d'fhostú daoine le míchumais san Eanáil Phoiblí i rith 2004.

Forbairt i 2004

I rith na bliana, bhí roinnt tionscnamh leanúnach ag dul ar aghaidh. Orthu sin bhí, go háirithe, forbairt thionscnamh PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) don fhoireann ar fad. Cuireadh oiliúint foirne, go háirithe i leith cúrsaí IT, ar fáil i rith na bliana ar bhonn rialta. I rith na bliana, chuir an Coimisiún tús freisin le hathbhreithniú ar riachtanais sábháilteachta agus sláinte an Choimisiúin. I mí na Samhna 2004, d'ullmhaigh an Coimisiún Ráiteas Sábháilteachta leasaithe agus freisin chuir sé tairiscint isteach ar sheirbhísí comhairleoireachta (lena n-áirítear oiliúint) sa réimse sin, i gcomhréir le treoirlínte ábhartha soláthair poiblí.



Bailiúchán don Foireann Riaracháin agus Taighde ag an Comhdháil faoin Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann a Nuachóiriú (ó chlé) Sinead Ring, Orla Joyce, Eithne Boland, Aisling Wall, Denis McKenna, Tracey O'Keefe don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, John Quirke Rúnaí na Coimisiúin, Roberta Guiry, Alan Bonny, Mary Townsend, Alan Brady agus Trevor Redmond.

TAIGHDE AGUS LEABHARLANN

Is é an príomhról atá ag foireann taighde an Choimisiúin ná a bheith mar 'theach innill' d'fhorfheidhmiú leanúnach chláir oibre rothlach an Choimisiúin.

Meitheal Taighde

Tá an meitheal taighde faoi cheannas an Stiúrthóra Taighde, agus tá an fhoireann taighde freagrach go díreach dó. Tá an Stiúrthóir Taighde reatha ar iasacht ó scoil dlí ollscoile. Faoi láthair, tá sé d'údarás ag an gCoimisiún ochtar Taighdeoirí Dlí lánaimseartha a fhostú, agus fostaítear iad de ghnáth ar chonarthaí bliana, a bhféadfaí athnuachan a dhéanamh orthu. Ó am go ham, téann an Coimisiún i gcomhairle freisin le saineolaithe seachtracha do thionscadail áirithe agus freisin bunaíonn sé Grúpaí Oibre faoi ábhair ar leith. Is é feidhm an Stiúrthóra Taighde na meithleacha taighde a threorú agus a bhainistiú, agus go ginearálta comhairle agus cúnamh a thabhairt do na taighdeoirí d'fhonn aschur cuí agus caighdeán oibre a chinntiú. Áirítear leis sin, taighde ginearálta cúlra a dhéanamh, páipéir ar shaincheisteanna a ullmhú, dréachtchoiciméid agus Dréachtpháipéir Comhairliúcháin agus Tuarascálacha a ullmhú le breithniú ag an gCoimisiún.

Reachtálann an Stiúrthóir roinnt seimineár i rith na bliana do na taighdeoirí faoi réimsí ina bhfuil spéis ar leith agus buaileann na taighdeoirí le chéile go rialta mar ghrúpa chun tuairimí a mhalmartú faoi na réimsí ina bhfuil siad ag déanamh taighde. Freastlaíonn taighdeoirí freisin ar chomhdhála faoi réimsí ábhartha spéise, lena n-áirítear seimineáir eagraithe ag an Ard-Aighne. Spreagtar Taighdeoirí Dlí freisin chun saothar a fhoilsiú in irisí ábhartha dlí le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún. Áirítear leis sin altanna ag déileáil leis na réimsí lena bhfuil an taighdeoir ag plé go gníomhach. Bíonn an Stiúrthóir freisin go ginearálta mar urlabhraí meán don Choimisiún agus, i gcomhar leis an Uachtarán, an Rúnaí/Ceann Riaracháin agus an Bainisteoir Tionscadal, déileálann sé le ceisteanna parlaiminte agus fiosraithe eile ón bpobal.

Leabharlann

Is é an príomhról atá ag leabharlann an Choimisiúin, atá ina huirlis riachtanach de chuid an Choimisiúin, ná teacht roimh agus freagra a thabhairt ar riachtanais na gCoimisinéirí agus meithleacha taighde an Choimisiúin i gcomhair seirbhísí leabharlainne agus faisnéise i gcomhpháirtíocht le leabharlanna agus soláthróirí faisnéise eile. Tá Bainisteoir Faisnéise Dlí/Leabharlannaí agus Catalógaí/Cúntóir Leabharlainne ar fhoireann na leabharlainne. Bíonn cúnamh le fáil freisin, nuair a bhíonn gá leis, ó bhailiúchán den fhoireann riaracháin.

Bíonn an Bainisteoir Faisnéise Dlí/Leabharlannaí ag obair i ndlúthchomhairle le meithleachal taighde ionas go mbeadh teacht go tráthúil ar acmhainní nua cóipe crua agus leictreonacha. Scaiptear feasachán inmheánach ar fhorbairtí reatha dlí, ag díriú ar fháltais nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn míosúil.

Forbairtí i gCóras Unicorn

Faoi Chóras Bainistíochta Bailiúcháin Unicorn is féidir acmhainní a roinnt idir leabharlanna Oifig an

Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Cuireann sé sin córas il-leabharlainne ar fáil a thugann cead do gach leabharlann oibriú go neamhspleách agus ag an am céanna OPAC (Catalóg ar Líne don Phobal) agus modúil catalógaithe a roinnt le chéile. Cuireadh uasghrádú ar an gcóras Unicorn i gcrích i mí Lúnasa 2004. Mar thoradh ar sin tá méadú ar éifeachtacht agus fheidhmiúlacht an chórais Unicorn agus éascaíonn sé féin-eisiúint ábhair ag úsáideoirí.

iLINK

Ceadaíonn suiteáil iLINK, a cuireadh i gcrích i mí Dheireadh Fomhair 2004, do gach taighdeoir catalóg na leabharlainne a chuardach óna ríomhaire pearsanta féin.

AIRGEADAS

Ioncam agus Caiteachas

Is ionann an Deontas-i-gCabhair a fhaomhann an tAire Airgeadais ar mholadh an Ard-Aighne agus iomlán ioncam an Choimisiúin nach mór. Faoin nós imeachta cuntasáíochta reatha, tarraingítear airgead anuas ar bhonn míosúil ón Deontas-i-gCabhair le toiliú an Oifigigh Cuntasáíochta, atá ina Ard-Stiúrthóir in Oifig an Ard-Aighne. Tagann an t-aon ioncam eile ó dhíolachán foilseachán. Ba cheart a nótaíl, áfach, nach ndíoltar go leor de na foilseacháin ach go scaiptear saor in aisce iad ar Bhreithiúna, comhaltaí den Oireachtas agus scoláirí dlí, chomh maith le leabharlanna i dtíortha éagsúla agus gníomhaireachtaí athchóirithe dlí ar fud an domhain agus cuireann siad sin cóipeanna dá gcuid saothair féin ar fáil don Choimisiún. Ar na costais a bhíonn ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí tá cíos agus forchostais áitreabh, tuarastail na gCoimisinéirí agus na foirne, luach saothair taighdeoirí seachtracha a choinnítear i gcomhair tascanna ar leith, cothabháil na leabharlainne agus an chórais IT agus reachtáil seimineár poiblí ó am go chéile.

Íoc Pras Cuntas

Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i rith 2004. Coimeádann an Rúnaí/Ceann Riaracháin dliteanais reatha ar fad an Choimisiúin faoi athbhreithniú d'fhonn iad a íoc go pras. Déanann an Coimisiún na híocaíochtaí cuí de réir a nósanna imeachta inmheánacha. Ní shonraítear tréimhsí caighdeánacha íocaíochta i gconarthaí scríofa.

Ráiteas ag an Rúnaí/Ceann Riaracháin

Ar feadh 2004, chloigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leis an *Acht um Íoc Pras Cuntas 1997*. Bhí na nósanna imeachta íocaíochta atá leagtha amach thuas i bhfeidhm ar feadh na tréimhse sin. Cé nach féidir leis na cleachtais sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt in aghaidh gan cloí go hábhartha leis an Acht, is cosúil gur oibrigh siad go maith, go háirithe, ó tharla nach raibh aon íocaíochtaí déanacha i rith na tréimhse faoi athbhreithniú.

CAIBIDIL 5

FORFHEIDMIÚ AN DARA CLÁR AG AN GCOIMISIÚN

RÉAMHRÁ

Tá an Coimisiún ag glacadh leis an deis seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i bhforfheidhmiú an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* maraon le freagraí an Choimisiúin ar tharchuir ón Ard-Aighne.

D'fhéadfadh roinnt tagairtí ginearálta cuidiú leis an dul chun cinn iomlán a rinneadh i bhforfheidhmiú an Dara Clár a aithint.

- Aithníonn an Dara Clár 30 réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú.
- Bhí leathnú mór ar na réimsí ábhair ar leith a aithníodh sa Dara Clár i gceist i gcás cuid de na tionscadail a ndeachaigh an Coimisiún ina mbun; mar shampla, tá aisghairm os cionn 150 reacht réamh-1922 ar dhlí talún agus tíolactha agus Bille Dlí Talún Comhdhlúthaithe agus Códaíochta a chur ina n-áit i gceist sa Chomhthionscadal ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún.
- Idir 2000 agus 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún 13 Thuarascáil agus 19 bPáipéar Comhairliúcháin.
- As an 32 fhoilseachán sin, d'éirigh 6 cinn as tarchuir ón Ard-Aighne.
- Bhí an 32 foilseachán ag plé le 26 réimse ar leith dlí.
- As an 30 réimse a aithníodh sa Dara Clár, phléigh na foilseacháin idir 2000 agus 2004 le 20 cinn díobh sin.
- Faoi dheireadh 2005, tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh sé tar éis tionscadail a thosú nó a chríochnú ag plé le 24 réimse a aithníodh sa Dara Clár.
- As an 30 réimse a aithníodh sa Dara Clár, tá forbairtí eile tar éis teacht roimh cuid acu, go hiomlán nó go pointe: féach, mar shampla, na tagairtí d'uchtú (ceannteideal Dlí Teaghlaigh) agus an riail nemo dat quod non habet (ceannteideal Dlí Tráchtála).

Déanann an chuid eile den chaibidil seo mion-athbhreithniú ar obair an Choimisiúin ó 2000 faoi na ceanteidil seo a leanas, bunaithe ar na teidil sa Dara Clár agus ag cur san áireamh freisin ábhair a chuir an tArd-Aighne faoi bhráid an Choimisiúin.

- 1 An Córas Dlí
- 2 Dlí na Fianaise
- 3 Dlí Riaracháin
- 4 Dlí Coiriúil
- 5 Dlí Cánach
- 6 Dlí Talún agus Tíolacadh
- 7 Grúpaí Soghonta agus an Dlí
- 8 Dlí Teaghlaigh
- 9 Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

1. AN CÓRAS DLÍ

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár 5 réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú:

- Rochtain ar an dlí don saoránach agus, go háirithe, éifeachtúlacht fhógairt agus scaipeadh reachtanna agus ionstraimí reachtúla.
- Tréimhsí teorann i gcás caingean.
- Caingne aicmeacha agus caingne ionadaíochta a thionscnaítear ar son leas an phobail.
- Seachréiteach díospóidí.
- Reachtdlí: sainchúram an Choimisiúin faoina Chéad Chlár i dtaca le dréachtadh agus léirmhíniú reachtúil a chur i gcrích.

1.1 Tagairt ghinearálta d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Córas Dlí

Faoin gceannteideal seo tá tionscnaimh tosaithe nó críochnaithe ag an gCoimisiún faoi gach ceann den 5 réimse.

1.2 Tagairtí mionsonraithe d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Córas Dlí.

Ó thaobh rochtain ar an dlí don saoránach, chríochnaigh an Coimisiún a *Thuarascáil maidir le Dréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC 61-2000). Chomh maith leis sin, i 2004, chuir an Coimisiún tús le réamhobair ar thionscadal chun comhdhlúthú agus athchóiriú a dhéanamh ar Achtanna na gCúirteanna, ag cuimsiú ní amháin reachtaíocht ó 1924 ach freisin reachtaíocht ábhartha réamh-1922. Tá an tionscadal á stiúradh ag an gCoimisiún le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Chúirteanna.

Ó thaobh tréimhsí teorann i gcás caingean, d'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil ar *Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i leith Dhamáiste Neamhfhollas* (Seachas Diobháil Phearsanta) (LRC 64-2001). D'éirigh sé sin as tarchur go dtí an Coimisiún ón Ard-Aighne.

Faoin gceannteideal caingne aicmeacha agus caingne a thionscnaítear ar son leasa an phobail, tá *Páipéar Comhairliúcháin maidir le Dlíthíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)* (LRC CP 25 – 2003) foilsithe ag an gCoimisiún agus tá sé ar intinn aige Tuarascáil a fhoilsiú sa réimse sin i 2005.

I dtaca le seachréiteach díospóidí, bhí an Coimisiún páirteach i gcruinnithe le páirtithe leasmhara agus tá sé ar intinn aige tionscadal oibre sonracha a thosú i 2005.

I dtaca le sainchúram an Choimisiúin faoin gCéad Chlár maidir le dréachtadh agus léirmhíniú reachtúil, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC 61-2000) i mí na Nollag 2000, comhaimsireach le comhaontú an Dara Clár leis an rialtas.

2. DLÍ NA FIANAISE

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár 2 réimse dlí le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú.

- Fianaise fhóiréinseach.
- Ghnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla.

2.1 Tagairt ghinearálta d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Fianaise

Faoin gceannteideal seo tá tús nó críoch curtha ag an gCoimisiún le tionscadail faoin gcéad réimse.

2.2 Tagairtí sonraithe d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Fianaise

Ó thaobh fhianaise fhóiréinseach, tá *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA*

(LRC CP 29-2004) foilsithe ag an gCoimisiún agus tá sé ar intinn aige Tuarascáil a fhoilsiú sa réimse sin i 2005. D'éirigh sé sin as tarchur ón Ard-Aighne.

Ó thaobh ghnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla, coinneoidh an Coimisiún faoi athbhreithniú pé acu ba cheart tabhairt faoina thuilleadh tionscadal sa réimse seo agus nótáilann sé gur fhoilsigh an Coimisiún, faoin gCéad Chlár Athchóirithe Dlí, *Tuarascáil ar an Ríail In Aghaidh Clostrácha i gCásanna Sibhialta* (LRC 25- 1988) agus *Tuarascáil ar Mhionna agus Dearbhascaí* (LRC 34- 1990).

3. DLÍ RIARACHÁIN

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár 2 réimse le scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú:

- Binsí Fiosrúcháin.
- Achomhairc ó chinní riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach.

3.1 Tagairt ghinearálta d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Dlí Riaracháin
Faoin gceannteideal seo thosaigh nó chríochnaigh an Coimisiún tionscadail faoin dá réimse.

3.2 Tagairtí sonraithe d'fhorfheidhmiú i réimsí faoin gceannteideal Dlí Riaracháin
I dtaca le Binsí Fiosrúcháin, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhiosrúcháin Poiblí Lena n-Áirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC CP 22 – 2003) agus tá sé ar intinn aige Tuarascáil a fhoilsiú sa réimse sin i 2005

I dtaca le hachomhairc ó chinní riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC 71 – 2004)

4. DLÍ COIRIÚIL

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár 7 réimse dlí le scrúdú d'fhonn hiad a athchóiriú:

- Dlí dúnbhásaithe
- Cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlisteanach, éigeantas agus riachtanas.
- Cionta neamhfhorásta.
- Nós imeachta i gcásanna coiriúla.
- Ceartas iocshláinteach.
- Dliteanas coiriúil corpartha.
- Pionóis i gcomhair mionchionta.

4.1 Tagairt ghinearálta d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Dlí Coiriúil
Faoin gceannteideal seo tá tionscadail faoi 6 cinn den 7 réimse seo tosaithe nó críochnaithe ag an gCoimisiún.

4.2 Tagairtí sonraithe d'fhorfheidhmiú na réimsí faoin gceannteideal Dlí Coiriúil

I dtaca le dlí dúnbhásaithe, tá *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú* (LRC CP17-2001) foilsithe ag an gCoimisiún. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún dul ar aghaidh go Tuarascáil ar an ábhar sin nuair a bheidh Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnorgain críochnaithe.

I dtaca le cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlisteanach, éigeantas agus riachtanas, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Briogadh a Phléadáil*

(LRC CP27 – 2003). Tá sé ar intinn aige dhá Pháipéar Comhairliúcháin eile a fhoilsiú, maidir le Cosaint Dhlisteanach agus maidir le hÉigeantas agus Riachtanas, faoi seach, i 2005. Nótálann an Coimisiún freisin gur foilsíodh, faoin gCéad Chlár Athchóirithe Dlí, *Tuarascáil ar Mheisce* (LRC 51-1995).

I dtaca le cionta neamhfhórasta, coimeádfaidh an Coimisiún na tionscadail ar cheart tabhairt fúthu sa réimse seo faoi athbhreithniú.

Maidir le nós imeachta i gcásanna coiriúla, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Thionscnaítear ar Diotáil* (LRC CP19-2002) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche* (LRC CP 33-2004), é sin ag éirí as iarratas ón Ard-Aighne. I 2005, chuir an Coimisiún tús le hullmhú Tuarascála ag cur an ábhair a pléadh sa dá Pháipéar Comhairliúcháin le chéile.

I dtaca le ceartas íocshláinteach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte* (LRC CP 31-2004) agus tá sé ar intinn aige Tuarascáil a fhoilsiú faoin réimse sin i 2005. Tá an Coimisiún feasach freisin ar an obair atá ar bun sa réimse sin ag an gComhairle Náisiúnta Coiriúlachta.

I dtaca le dlíteanas coiriúil corparáideach, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach* (LRC CP 26 – 2003) agus tá sé ar intinn aige Tuarascáil a fhoilsiú ar an réimse sin i 2005.

Ó thaobh pionós do mhionchionta, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Innéacsú Fineálacha: Athbhreithniú ar Fhorbairtí* (LRC 65 – 2002) agus *Tuarascáil ar Phionóis do Mhionchionta* (LRC 69-2003).

5. DLÍ CÁNACH

5.1 Tagairt don gceannteideal Dlí Cánach

Ag éirí as tarchur ón Ard-Aighne, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach* (LRC 72 – 2004).

6. DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACADH

Faoin gceannteideal Maoin Réadach agus Phearsanta, d'aithin an Dara Clár 4 réimse dlí le scrúdú d'fhonn hiad a athchóiriú:

- Dlí na n-iontaobhas lena n-áirítear dlí na gcarthanas.
- Dlí comharbais.
- An dlí maidir le forbairtí ilaonaid.
- Leanfaidh an Coimisiún lena athbhreithniú ginearálta ar dhlí talún agus tíolachta le cúnaimh a Ghrúpa Oibre speisialach seasta.

6.1 Tagairt ghinearálta d'forfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Dlí Talún agus Tíolacadh.

Faoin gceannteideal seo thosaigh nó chríochnaigh an Coimisiún tionscadail faoi 3 cinn den 4 réimse seo. Nótáladh sa Réamhrá, thuas, scóip leathan an Chomhthionscadail a bhfuiltear ag tabhairt faoi faoin gceathrú réimse.

6.2 Tagairtí sonraithe d'fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Dlí Talún agus Tíolacadh

I dtaca le dlí na n-iontaobhas lena n-áirítear dlí na gcarthanas, d'fhoilsigh an Coimisiún

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí na nIontaobhas: Moltaí Ginearálta (LRC CP 35-2005) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí na nIontaobhas Carthanais: Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005), i gcomhthadhal leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. I 2005, cuirfidh an Coimisiún tús le hobair ar pháipéar eile sa réimse sin, ag plé le hiontaobhais faoi na hAchtanna um Thalamh Socraithe.

Ó thaobh dlí comharbais, coimeádfaidh an Coimisiún na tionscadail ar cheart tabhairt fúthu sa réimse sin faoi athbhreithniú, ag cur san áireamh an obair atá déanta cheana ag comhlachtaí eile, cosúil le Athráiteas 2000 faoin *Acht Comharbais 1965* agus Treoir AE a bhféadfaí glacadh léi sa réimse seo ('An Bhruiséil IV).

I dtaca leis an dlí i leith fhorbairtí ilaonaid, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorbairtí Ilaonaid a fhoilsiú i 2005*.

I gcomhthéacs an tiomantais leanúint lena athbhreithniú ginearálta ar dlí talún agus tiolactha le cúnaimh a Grúpa Oibre speisialach seasta:

- chuir an Coimisiún tús le Comhthionscadal ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2004. Mar thoradh ar sin foilsíodh *Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC CP 34-2004)
- Tógann sé seo ar agus corpróidh sé obair atá déanta cheana ag an gCoimisiún sa réimse seo, lena n-áirítear *Tuarascáil ar an Rial i gcoinne Suthaineachtaí agus Rialacha Gaolmhara* (LRC 62-2000), *Tuarascáil ar Athrú Iontaobhas* (LRC 63-2000), *Tuarascáil ar Éasúintí agus Brabúis à Prendre a Fháil trí Rúradh* (LRC 66-2002), *Tuarascáil ar Theideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh* (LRC 67-2002), *Tuarascáil ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (1) Cúnaint Dhearfa ar Thalamh Ruilse agus Moltaí Eile* (LRC 70-2003) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais* (LRC CP 30-2004).
- Tá an Coimisiún ag plé freisin le tionscadail ghaolmhara dlí tiarna talún agus tionónta, as ar tháinig foilsiú *Pháipéir Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó* (LRC CP 21-2003) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Ginearálta Tiarna Talún agus Tionónta* (LRC CP 28-2003).

7. GRÚPAÍ SOGHONTA AGUS AN DLI

Faoin gceannteideal seo, d'aithin an Dara Clár 2 réimse dlí le scrúdú d'fhonn hiad a athchóiriú:

- An dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil dhaoine scothaosta agus iad ag aistriú sócmhainní agus 'réamhthreoracha cúraim.'
- An dlí a bhaineann le daoine le míchumais fhisiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna i ndáil le hinniúlacht, caomhnóireacht agus ceart pósta.

7.1 Tagairt ghinearálta d'fhorfheidhmiú na réimsí faoin gceannteideal Grúpaí Soghonta agus an Dlí
Faoin gceannteideal seo tá tús curtha ag an gCoimisiún le tionscadail sa dá réimse.

7.2 Miontagairtí d'fhorfheidhmiú na réimsí faoin gceannteideal Grúpaí Soghonta agus an Dlí
I dtaca leis an dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil daoine

scothaosta agus iad ag aistriú sócmhainní agus ‘réamhthreoracha cúraim’ d’fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta* (LRC CP 23-2003). Foilseoidh an Coimisiún Tuarascáil ar an réimse seo tar éis fhoilsiú Pháipéir Comhairliúcháin ar an dara réimse faoin gceannteideal seo.

Ó thaobh an dlí ag baint le daoine le míchumais fhisiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna i ndáil le hinniúlacht, caomhnóireacht agus ceart pósta, foilseoidh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Daoine Soghonta: Inniúlacht sa chéad leath de 2005*.

8. DLÍ TEAGHLAIGH

Faoin gceannteideal seo, d’aithin an Dara Clár 2 réimse dlí le scrúdú d’fhonn hiad a athchóiriú:

- Dlí Uchtaithe – athbhreithniú ginearálta.
- Cearta agus dualgais daoine in aontíos céileachais.

8.1 Tagairt ghinearálta d’fhorfheidhmiú réimsí faoin gceannteideal Dlí Teaghlaigh

Faoin gceannteideal seo tá tús curtha ag an gCoimisiún le tionscadail i gceann den dá réimse.

8.2 Miontagairtí d’fhorfheidhmiú na réimsí faoin gceannteideal Dlí Teaghlaigh

I dtaca le dlí uchtaithe – athbhreithniú ginearálta, tá athbhreithniú ginearálta atá ar bun ag an Roinn Sláinte agus Leanaí tar éis teacht ina áit. Nótálann an Coimisiún freisin gur fhoilsigh sé, faoin gCéad Chlár, *Tuarascáil ar Coinbhinsiún na Háige ar Chosaint Leanaí agus Uchtú Idirthire* (LRC 58-1998).

Ó thaobh cearta agus dualgais daoine in aontíos céileachais, d’fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Cearta agus Dualgais Daoine in Aontíos Céileachais* (LRC CP 32-2004)

9. DLÍ TRÁCHTÁLA AGUS DLÍ NA N-OIBLEAGÁIDÍ

Faoi cheithre cheannteideal, Dlí na nOibleagáidí, Dlí Tráchtála, Dlí Cearta Sibhialta agus Dlí agus an tSochaí Faisnéise, d’aithin an Dara Clár 6 réimse le scrúdú d’fhonn hiad a athchóiriú:

- Dlí torta: gnéithe den dlí maidir le cúiteamh ar dhíobháil phearsanta.
- Dlí conartha: ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe.
- I bhfianaise mholadh an Rialtais Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí reachtúil a bhunú, déanfar athbhreithniú agus scrúdú ar cheisteanna reatha i réimse dlí tráchtála, mar is cuí.
- Eisceachtaí ón bprionsabal *nemo dat quod non habet* maidir le haistriú teidil in earraí.
- Dlí príobháideachais:
 - (i) príobháideachas agus dlí na tostaobhachta,
 - (ii) príobháideachas i gcomhthéacs an chórais ceartais coiriúil: saolré taifead coiriúil agus cionta áirithe a scrios den taifead;
 - (iii) príobháideachas i gcomhthéacsanna institiúideacha ar leith: an láthair oibre; an córas cúraim sláinte; príosúin.

- Tráchtáil leictreonach agus an tIdirlíon, de réir mar is cuí i bhfianaise gníomhaíochtaí atá nó a bheidh ar bun ag Ranna Rialtais agus go háirithe:

- (i) príobháideachas ar an idirlíon agus criptiúchán;
- (ii) dlíteanas soláthróirí seirbhíse.

9.1 Tagairt ghinearálta d'fhorfeidhmiú réimsí faoin ceannteideal Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Faoin ceannteideal seo tá tionscadail tosaithe nó críochnaithe ag an gCoimisiún faoi 4 cinn de na réimsí seo.

9.2 Miontagairtí d'fhorfeidhmiú réimsí faoin gceannteideal Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

I dtaca le dlí torta: gnéithe den dlí maidir le cúiteamh ar dhíobháil phearsanta, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Dhamáistí Forthromaithe, Damáistí Eiseamláireacha agus Damáistí Aiseagtha* (LRC 60-2000). D'fhoilsigh an Coimisiún freisin *Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 1964: Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí* (LRC 68-2002), a d'éirigh as tarchur ón Ard-Aighne. Beidh baint bheag freisin ag tionscadal an Choimisiúin ar Sheachréiteach Díospóidí leis an réimse seo go ginearálta.

I dtaca le dlí conartha: ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tús a chur le tionscadal ar Ionpháirteacht i gConradh i 2005, agus tá tús curtha cheana féin aige le réamhscrúdú ar an réimse sin.

I dtaca leis an tiomantas athbhreithniú agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna reatha ag éirí i réimse dlí tráchtála (i bhfianaise mholadh an Rialtais Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí reachtúil a bhunú), nótálann an Coimisiún gur bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí faoin *Acht um Fhorfeidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001*. Coimeádfaidh an Coimisiún na tionscadail ar cheart tabhairt fúthu sa réimse sin faoi athbhreithniú.

Ó thaobh eisceachtaí ón bprionsabal nemo dat quod non habet maidir le haistriú teidil in earraí nótálann an Coimisiún go bhfuil an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001* tar éis déileáil cheana féin le haon ghné amháin de seo, ach coimeádfaidh sé na tionscadail ar cheart tabhairt fúthu sa réimse seo faoi athbhreithniú.

I dtaca le tráchtáil leictreonach agus an tIdirlíon, is cuid shuntasach den pholasáí ginearálta Ríomhrialtais é tionscadal ríomhthíolactha an Choimisiúin, a pléadh sa Réamhrá.

Ó thaobh dlí príobháideachais, phléigh Caibidil 5 den *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte* (LRC CP 31-2004) reachtaíocht a thabhairt isteach chun cionta áirithe a scrios den taifead. Coinneoidh an Coimisiún na tionscadail eile ar cheart tabhairt fúthu sa réimse sin faoi athbhreithniú agus nótálann sé gur fhoilsigh sé, faoin gCéad Chlár, *Tuarascáil ar Phríobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide* (LRC 57 –1998).

AN DARA CLÁR LE BRAINSÍ ÁIRITHE DLÍ A SCRÚDÚ
D'FHONN H-IAD A ATHCHÓIRIÚ: 2000-2007
FAOFA AG AN RIALTAS 19 NOLLAIG 2000

An Córas Dlí

- 1 Rochtain ar an dlí don saoránach agus, go háirithe, éifeachtúlacht fhógairt agus scaipeadh reachtanna agus ionstraimí reachtúla.
- 2 Tréimhsí teorann i gcás caingean.
- 3 Caingne aicmeacha agus caingne ionadaíochta a thionscnaítear ar son leasa an phobail.
- 4 Seachréiteach díospóidí.
- 5 Dlí Reachtúil: sainchúram an Choimisiúin faoin gCéad Chlár i leith dréachtadh agus léirmhíniú reachtúil a chríochnú.

Fianaise

- 6 Fianaise Fhóiréinseach
- 7 Gnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla.

Dlí Riaracháin

- 8 Binsí Fiosrúcháin.
- 9 Achomhairc ó chinn riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach.

Dlí Cearta Sibhialta

- 10 Dlí Príobháideachais
 - (i) Príobháideachas agus dlí na tostaobhachta;
 - (ii) Príobháideachas i gcomhthéacs an chórais ceartais coiriúil: saolré taifead coiriúil agus cionta áirithe a scrios den taifead;
 - (iii) Príobháideachas i gcomhthéacsanna institiúideacha áirithe: an láthair oibre; an córas cúraim sláinte; príosúin.

Dlí Coiriúil

- 11 Dlí Dúnbhásaithe
- 12 Cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlísteanach, éigeantas agus riachtanas.
- 13 Cionta neamhfhorásta
- 14 Nós imeachta i gcásanna coiriúla.
- 15 Ceartas íocshláinteach.
- 16 Dlíteanas coiriúil corparáideach.
- 17 Pionóis do mhionchiont.

Dlí na nOibleagáidí

- 18 Dlí torta. Gnéithe den dlí maidir le cúiteamh ar dhíobháil phearsanta.
- 19 Dlí conartha. Ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe.

Maoin Réadach agus Phearsanta

- 20 Dlí na n-iontaobhas lena n-áirítear dlí na gcarthanas.
- 21 Dlí comharbais.
- 22 An dlí maidir le forbairtí ilaonaid.
- 23 Leanfaidh an Coimisiún lena athbhreithniú ginearálta ar dhlí talún agus tíolactha le cúnaimh a Ghrúpa Oibre speisialach seasta.

Dlí Tráchtála

- 24 Ó tharla go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí reachtúil a bhunú, déanfar athbhreithniú agus scrúdú ar cheisteanna reatha a éiríonn i réimse an dlí tráchtála, mar is cuí.
- 25 Eisceachtaí ón bprionsabal *nemo dat quod non habet* maidir le haistriú teidil in earraí.

An Dlí agus an tSochaí Faisnéise

- 26 Tráchtáil leictreonach agus an tdirilíon, mar is cuí ag brath ar ghníomhaíochtaí atá nó a bheidh ar bun ag Ranna Rialtais agus go háirithe:
 - (i) príobháideachtas ar an idirlíon agus criptiúchán.
 - (ii) dlíteanas soláthróirí seirbhíse.

Grúpaí Soghonta agus an Dlí

- 27 An dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil daoine scothaosta agus iad ag aistriú sócmhainní agus ‘réamhthreoracha cúraim’
- 28 An dlí a bhaineann le daoine le míchumais fhisiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna inniúlachta, caomhnóireachta agus ceart pósta.

Dlí Teaghlaigh

- 29 Dlí uchtaithe – athbhreithniú ginearálta.
- 30 Cearta agus dualgais daoine in aontíos céileachais.

Dlí Idirnáisiúnta

- 31 Idirbheartú agus ullmhú comhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear a bhforfheidhmiú i ndlí na hÉireann. Tugaimid aird ar leith ar rannpháirtíocht na hÉireann i gcoimbhinsiúin a ullmhaíonn UNIDROIT, UNCITRAL agus Comhdháil na Háige ar Dhlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

Bille Forálacha Ilghnéitheacha

- 32 Leanfaidh an Coimisiún ag ullmhú Bille Athchóirithe Dlí (Forálacha Ilghnéitheacha) bliantúil mar fheithicil le mion-athchóirithe a dhéanamh, ag síneadh thar na brainsí dlí atá clúdaithe sa Chlár.

Ginearálta

Tá sé deacair, ar ndóigh, réamhfhaisnéis a dhéanamh ar athruithe a éileoidh athchóiriú dlí san am atá le teacht. Dá réir sin, is é tuairim an Choimisiúin gur fearr cur leis an liosta ábhar difriúil atá tugtha thuas trína rá má bhíonn gá, de bharr imeachtaí, le hathchóiriú dlí in aon réimse laistigh d’aon cheann de na brainsí dlí atá leagtha amach thuas, go dtabharfaidh an Coimisiún, má bhíonn sé cuí, agus faoi réir theorainneacha a chuid acmhainní, na moltaí riachtanacha chun tosaigh. Tá spéis leanúnach ag an gCoimisiún i gcódaíocht an dlí agus tá sé i gceist aige aghaidh a

thabhairt ar cheist na códaíochta i leith ábhar a thiteann laistigh de bhraintí dlí atá leagtha amach sa Chlár seo de réir mar is cuí. Sna réimsí sin ar fad, beidh aird ag an gCoimisiún, má bhíonn sé cuí, ar ghníomhaíochtaí chomhlachtaí oifigiúla eile a bhfuil spéis acu in athchóiriú dlí, ina measc an tSeirbhís Chúirteanna, agus beidh sé réidh le comhoibriú leo.

AGUISÍN B

GRÚPAÍ OIBRE

Mar a nótáladh i gCaibidil 1, faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, is féidir leis an gCoimisiún Grúpaí Oibre a chur ar bun chun réimsí ar leith den dlí a scrúdú. Chomh maith leis na Grúpaí Oibre, a bhuaileann le chéile ar bhonn rialta le linn shaolré thionscadail ar leith, cuireann an Coimisiún grúpaí ad hoc ar bun freisin (a bhuaileann le chéile anois agus arís) le dul i gcomhairle leo faoi ábhair ar leith.

Grúpa Oibre ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha/Ríomhthíolacadh

Cuireadh Grúpa Oibre ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha ar bun i 1987, mar fhreagra ar iarratas ón Ard-Aighne go ndéanfadh an Coimisiún scrúdú ar ghnéithe áirithe de dhlí agus cleachtas tíolactha. Mar thoradh ar obair an Ghrúpa Oibre foilsíodh roinnt tuarascálacha sa réimse dlí sin. Rinne an Coimisiún athbheithniú le déanaí ar shainordú an Ghrúpa Oibre sin. I bhfianaise thiomantas an Rialtais do Ríomhrialtas, forbairtí teicneolaíochta go ginearálta agus Ríomhthíolacadh a bheith á thabairt isteach i ndlínsí eile, chuir an Coimisiún Grúpa Oibre ar bun chun tabhairt faoi thionscadal ar Ríomhthíolacadh. Tá na tOllamh John Wylie sásta caibidlí an Ghrúpa a threorú. Cé go bhfuil Croí-ghrúpa Oibre aitheanta beidh roinnt painéal ann freisin de ghrúpaí saineolaíochta níos lú ag plé le míreanna sonracha cosúil le teicneolaíocht faisnéise, cúrsaí riarachán agus nós imeachta (lena n-áirítear eilimintí dlí poiblí) chomh maith le bheith ag clúdach réimsí den dlí ábhartha.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar Ríomhthíolacadh:

- An Breitheamh Onórach Declan Budd
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Marian Shanley
- An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)
- Vivienne Bradley, Aturnae
- Seamus Carroll, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- John Coyle, Bainisteoir IT, An tSeirbhís Chúirteanna
- Patrick Fagan, Aturnae
- Deirdre Fox, Aturnae
- Brian Gallagher, Aturnae
- Frank Lanigan, Aturnae
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- Chris Hogan, Cláráitheoir Sinsearach, Clárlann na Talún
- Caroline Kelly, BL
- Deirdre Morris, Aturnae
- Marjorie Murphy, Aturnae
- Tracey O’Keeffe, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- John O’Sullivan, Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise, Clárlann na Talún
- Doreen Shiven, BL

Bhí Trevor Redmond agus Mary Redmond ag gníomhú mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2004.

Grúpa Oibre ar Dhlí Tiarna Talún agus Tionónta

Chuir an Coimisiún tús i 2001 le mórhionscadal taighde ar Dhlí Tiarna Talún agus Tionónta d'fhonn moltaí athchóirithe a dhéanamh lena n-áireofaí comhdhlúthú na reachtaíochta tiarna talún agus tionónta atá ann cheana féin, Dréachtbhille san áireamh. Tá na tionscadail atá ar bun ag an nGrúpa oibre sin á dtreorú isteach ag an Ollamh John Wylie. Is cleachtóirí le taithí agus ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil atá ina gcomhaltaí den Ghrúpa Oibre.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar Dhlí Tiarna Talún agus Tionónta

- An Breitheamh Onórach Declan Budd
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)
- John F Buckley, Iarbhreitheamh Cúirte Cuarda
- Ruth Cannon, BL
- Ernest Farrell, Aturnae
- Patrick Fagan, Aturnae
- Colin Keane, Aturnae
- Michael McGrath, SC
- Sheila McMahon, An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
- Gavin Ralston, SC
- Regina Terry, BL, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- John Walsh, Aturnae

Bhí Trevor Redmond agus Mary Redmond ag gníomhú mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2004.

Grúpa Oibre ar Fhorbairtí Ilaonaid:

I 2003 chuir an Coimisiún Grúpa Oibre eile ar bun chun cabhrú leis agus é ag plé le ceist chasta Fhorbairtí Ilaonaid. Tharla sé sin tar éis caibidlí leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar Fhorbairtí Ilaonaid

- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)
- Sheena M Beale, Aturnae
- Brian M Gallagher, Aturnae
- Siobhan Kirwan, Príomhfheidhmeannach, O'Dwyer Property Management Limited
- Nuala McLoughlin, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Rory O'Donnell, Aturnae
- Jerry Sheehan, Aturnae
- Patrick Sweetman, Aturnae

Tá Mary Townsend ag gníomhú mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa.

Grúpa Oibre ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach

I 2002, chuir an Coimisiún Grúpa Oibre le chéile chun an réimse nós imeachta athbhreithniú breithiúnach a scrúdú. Ar an nGrúpa Oibre, chomh maith le cleachtóirí i gcleachtas príobháideach, bhí ionadaithe freisin ó oifigí dlí an Stáit. Foilsíodh *Páipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach i mí Eanáir 2003*. Tugadh an Grúpa Oibre le chéile arís nuair a bhí an chéim comhairliúcháin críochnaithe. Foilsíodh *Tuarascáil ar Athbhreithniú Breithiúnach* i

mí Feabhra 2004.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar Athbhreithniú Breithiúnach

- An Breitheamh Onórach Declan Budd
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Hilary A Delany
- An Coimisinéir Marian Shanley
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- Seán Barton, Aturnae
- Conleth Bradley, BL
- Nuala Butler, BL
- David Clarke, Aturnae
- Sarah Farrell, BL
- Finola Flanagan, Ard-Stiúrthóir, Oifig an Ard-Aighne
- Paul Gallagher SC
- Gerard Hogan SC
- An Breitheamh Onórach Peter Kelly
- Claire Loftus, Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh
- Liz Mullan, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
- Kerida Naidoo, BL
- An Breitheamh Onórach Aindrias Ó Caoimh
- Dónal Ó'Donnell, SC
- Robert Sheehan, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
- Garrett Simons, BL
- Marie Torrens, BL
- Seamus Woulfe, BL

Bhí Patricia Brazil ag gníomhú mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa.

Grúpa Ad hoc ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais

I rith 2002, bunaíodh grúpa comhairliúcháin ad hoc chun teacht ar chinneadh faoi scóip an tionscadail seo, agus bhí comhaltaí an ghrúpa páirteach freisin i seimineár agus caibidil i mí na Nollag eagraithe ag an gCoimisiún. I 2004 d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine in Aontíos Céileachais*.

Comhaltaí an Ghrúpa Ad Hoc ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais

- An Breitheamh Onórach Declan Budd
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Hilary A Delany
- An Coimisinéir Marian Shanley
- Hugh Cuniam, Aturnae, An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil
- Margaret Dromey, Treoir (Cónaidhm na Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus a Leanaí)
- Rosemary Horgan, Aturnae
- Mary Lloyd, Comhordaitheoir, An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh
- An Breitheamh Onórach Catherine McGuinness
- Paul McCarthy, BL
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- Muriel Walls, Aturnae

Bhí Darren Lehane ag gníomhú mar Rúnaí don Ghrúpa agus mar Thaighdeoir

(in éineacht le Úna Woods, Ollscoil Luimnigh).

Grúpa Ad Hoc ar Dhlíthíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)

I rith 2002, bunaíodh grúpa comhairliúcháin ad hoc chun teacht ar chinneadh faoi scóip an tionscadail seo. I 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlíthíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)*.

Comhaltai an Ghrúpa Ad Hoc ar Dhlíthíocht Ilpháirtí (Caingne Aicmeacha)

- An Breitheamh Onórach Declan Budd
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Hilary A Delany
- An Coimisinéir Marian Shanley
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- David Barniville BL
- Roderick Bourke, Solicitor
- Brian Carroll, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- David Coleman, Aturnae
- Brendan Counihan, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
- Michael Cush, SC
- David McPartland BL
- An Breitheamh Onórach Alan Mahon
- Stuart Margetson, Aturnae
- Christine O'Rourke, Oifig an Ard-Aighne
- Susan Stapleton, Aturnae

Bhí Claire Hamilton ag gníomhú mar Rúnaí don Ghrúpa agus mar Thaighdeoir (in éineacht le Liz Heffernan, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

AGUISÍN C

Ag an Comhdháil faoin Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann a Nuachóiriú (ó chlé) Michael McDowell an t-Aire Dlí agus Círt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leis an t-Ollamh John Wylie.



COMHDHÁLACHA AGUS CUAIRTEANNA

Mar atá pléite i gCaibidil 1, bíonn Coimisinéirí ag freastal ar agus ag glacadh páirt go rialta i seimineáir agus comhdhálacha poiblí ar réimsí taighde bainteach leis an Dara Clár agus Clár Oibre Rothlach an Choimisiúin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí aíocht a dhéanamh ar chuairteanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. I measc na gcomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu agus cuairteanna eile i 2004 bhí siad seo a leanas.

I mí Eanáir, bhuail an tUachtarán, an Coimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus Deirdre Ahern le Mary O’Dea, Stiúrthóir Tomhaltóirí le IFSRA, chun ceisteanna a phlé i dtaca leis na moltaí a rinneadh sa *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhlí agus Daoine Scothaosta*.

I mí Eanáir, bhí cruinniú ag an gCoimisinéir Rickard-Clarke agus an Stiúrthóir Taighde le hionadaithe de chuid an Lárionaid um Réiteach Éifeachtach ar Dhíospóidí agus cleachtóirí, oifigí McCann Fitzgerald, Aturnaetha.

I mí Feabhra, d’fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke ar “Shiompóisiam ar Mhí-úsáid Airgeadais Dhaoine Scothaosta agus Calaois Phrohbháide” a d’eagraigh an Institiúid um Bhainistiú Leagáidí i gcomhar le STEP.

I mí an Mhárta, bhí cruinnithe ag an gCoimisinéir Rickard-Clarke, an tOllamh John Wylie agus Trevor Redmond leis an Tascghúpa Ríomhthíolactha, Clárlann na Talún i Londain, agus le Rúnaí an ghrúpa Ríomhthíolactha, An Cumann Dlí do Shasana agus an Bhreatain Bheag.

I mí Aibreáin, bhí cruinniú ag an gCoimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus an Taighdeoir Dlí, Deirdre Ahern le príomhfheidhmeannach agus Comhaltaí an Choimisiúin Sláinte Mheabhrach maidir le hInniúlacht.

I mí Aibreáin, chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar *Athchóiriú Coimircíochta in Éirinn-Moltaí an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí* i láthair Comhdhála Caomhnóirí Poiblí eagraithe ag an tSeirbhís Chúirteanna.

I mí Aibreáin labhair an Coimisinéir Rickard-Clarke ar Athchóiriú Dlí ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Ceannfort an Gharda Síochána.

I mí na Bealtaine d’fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke ar Chomhdháil Iontaobhaithe Poiblí agus Caomhnóirí Poiblí i Victoria, Ceanada agus chuir sí páipéar i láthair ar *‘Choimircíocht in Éirinn-Moladh i gcomhair Athchóirithe’*

I mí an Mheithimh bhuail Colin Myerscough, An Roinn Gnóthaí Bunreachtúla, Londain, leis an gCoimisiún ag a oifigí chun moltaí maidir le Fiosrúcháin Phoiblí a phlé.

I mí an Mheithimh, chuir an tOllamh Robert Elgie, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath páipéar i láthair ag oifigí an Choimisiúin ar Rialú agus Tarmligeán.

I mí Iúil, bhuail an tOllamh Robert Clark, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, leis an gCoimisiún ag a chuid oifigí chun athchóiriú dlí conartha agus tráchtála a phlé.

I mí Iúil, rinne an Coimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus Darren Lehane cur i láthair ar *‘Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais’* ag Lárionad Dlí Pobail Bhaile Munna.

I mí Iúil d’fhreastail an Stiúrthóir Taighde ar sheimineár ar Chomhairliúchán eagraithe ag an Institiúid Chomhairliúcháin, Baile Átha Cliath.

I mí Iúil, chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar *‘Cearta Maoine Dhaoine in Aontíos Céileachais’*

i láthair an Chumainn Dlíodóirí Teaghlaigh.

I mí Mheán Fómhair, bhí cruinniú ag an gCoimisiún le Rúnaíocht an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí maidir le Dlí Carthanais.

I mí Mheán Fómhair chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar *'Cearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais'* i láthair ag seimineár darbh teideal 'Cearta Nua do Lánúineacha Comh-inscne ag an Obair' eagraithe ag Comhdháil Éireannach na gCeardchumann.

I mí Mheán Fómhair chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar *Athchóiriú Dlí Carthanais* i láthair ag an 13ú Comhdháil Bhliantúil de Ghrúpa Athchóirithe Cánach Carthanais na hÉireann.

I mí Mheán Fómhair chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar i láthair Seimineáir de chuid STEP ar *Thionchar Michuí agus Neamhchoinsiasacht*.

I mí Dheireadh Fómhair, thug an Stiúrthóir Taighde páipéar ar Mharú Corparáideach do chomhdháil eagraithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Cumainn Tráchtála, An Uaimh.

I mí Dheireadh Fómhair d'fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke agus Orla Joyce ar Chomhdháil ar Fhianaise DNA, Baile Átha Cliath.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke agus roinnt taighdeoirí ar Chomhdháil an Chumainn Dlí agus an Choimisiúin um Chearta an Duine ar an 'Acht Fán gCoimisiún Eorpach um Chearta an Duine agus Cearta Daonna i gCaidrimh Thiomanta.'

I mí Dheireadh Fómhair, chuir an tOllamh Robert Gordon, Ollamh le Dlí Coiriúil in Ollscoil Simon Frazer, British Columbia agus Saineolaí ar Sheanaois páipéar i láthair ag oifig an Choimisiúin ar 'Chinnteoireacht le Cúnamh'.

I mí na Samhna chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar *Thionscnaimh Athchóirithe Dlí ar Inniúlacht Dhlíthiúil agus Cinnteoireacht do Dhaoine Fásta le Michumas Intleachtúil* i láthair an 9ú Seimineár Tuismitheoirí NAMHI ar Inniúlacht Dhlíthiúil agus Cinnteoireacht.

I mí na Samhna, d'fhreastail an Coimisiún ar chruinniú den Choiste Oireachtais ar Cheartas, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban chun an *Páipéar Comhairliúcháin ar Nuachóiriú Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann* de chuid an Choimisiúin a phlé.

I mí na Samhna chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar Iontaobhais agus Socraithe i láthair ag Comhdháil an Choimisiúin ar Nuachóiriú Dlí Talún agus Tíolactha na hÉireann, i Halla Uí Raghallaigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

I mí na Nollag d'fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clark agus an Taighdeoir Dlí, Deirdre Ahern, ar Sheimineár i Londain ar 'Cosaint Dhlíthiúil Dhaoine Fásta.'

AGUISÍN D

FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

An Chéad Chlár chun Brainsí Áirithe den Dlí a Scrúdú D'fhonn iad a Athchóiriú (Nollaig 1976) (Prí 5984)
Páipéar Oibre Uimh 1-1977, An Dlí Maidir le Dlíteanas Tógálaithe, Díoltóirí agus Léasóirí i leith Caighdeán agus Feiliúnacht Áitreabh (Meitheamh 1977)
Páipéar Oibre Uimh 2-1977, An Dlí Maidir le Lánaois, Aois le Pósadh agus Roinnt Ábhar Gaolmhar (Samhain 1977)
Páipéar Oibre Uimh 3-1977, Dlíteanas Sibhialta i leith Ainmhithe (Samhain 1977)
An Chéad Thuarascáil (Bhliantúil) (1977) (Prí 6961)

Páipéar Oibre Uimh 4-1978, An Dlí Maidir le Sárú Gealltanais Pósta (Samhain 1978)
Páipéar Oibre Uimh 5-1978, An Dlí Maidir le Caidreamh Collaí agus Mealladh agus Tearmannú Céile (Nollaig 1978)

Páipéar Oibre Uimh 6-1979, An Dlí Maidir le Meabhlú agus Mealladh agus Tearmannú Linbh (Feabhra 1979)
Páipéar Oibre Uimh 7-1979 An Dlí Maidir le Cailliúint Caidrimh Céile agus Cailliúint Seirbhísí Linbh (Márta 1979)
Páipéar Oibre Uimh 8-1979, Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghníomh Riaracháin: Fadhb na Leigheasanna (Nollaig 1979)
An Dara Thuarascáil (Bhliantúil) (1978/79) (Prí 8855)

Páipéar Oibre Uimh 9-1980 An Riail in Aghaidh Clostráichta (Aibreán 1980)
An Tríú Thuarascáil (Bhliantúil) (1980) (Prí 9733)

An Chéad Thuairisc ar Dlí Teaghlaigh – Caidreamh Collaí, Meabhlú agus Tearmannú Céile nó Linbh, Cailliúint Caidreamh Céile, Díobháil Phearsanta do Leanbh, Meabhlú Linbh, Maoin Phósta agus Sárú Gealltanais Phósta (LRC 1-1981) (Márta 1981)
Páipéar Oibre Uimh 10-1981 Sainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe (Meán Fómhair 1981)
An Ceathrú Thuarascáil (Bhliantúil) (1981) (Prí 742)

Tuarascáil ar Dhlíteanas Sibhialta i leith Ainmhithe (LRC 2-1982) (Bealtaine 1982)
Tuarascáil ar Áitribh Lochtacha (LRC 3-1982) (Bealtaine 1982)
Tuarascáil ar Neamhdhlísteacht (LRC 4-1982) (Meán Fómhair 1982)
An Cúigiú Thuarascáil (Bhliantúil) (1982) (Prí 1795)

Tuarascáil ar Lánaois, Aois Phósta agus Roinnt Ábhar Nasctha (LRC 5-1983) (Aibreán 1983)
Tuarascáil ar Aiseag Chearta an Phósta, agus Ábhair Ghaolmhara (LRC 6-1983) (Samhain 1983)
Tuarascáil ar Shainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe (LRC 7-1983) (Nollaig 1983)
Tuarascáil ar Cholscaradh agus Abhair Ghaolmhara (LRC 8-1983) (Nollaig 1983)
An Séú Thuarascáil (Bhliantúil) (1983) (Prí 2622)

Tuarascáil ar Neamhniú Pósta (LRC 9-1984) (Deireadh Fómhair 1984)
Páipéar Oibre Uimh 11-1984 Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eachtracha (Deireadh Fómhair 1984)
An Seachtú Thuarascáil (Bhliantúil) (1984) (Prí 3313)

Tuarascáil ar Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eachtracha (LRC 10-1985) (Aibreán 1985)
Tuarascáil ar Fhuaidireacht agus Cionta Gaolmhara (LRC 11-1985) (Meitheamh 1985)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Ghnéithe Sibhialta de Fhuadach Leanbh Idirnáisiúnta agus Roinnt Ábhar Gaolmhar (LRC 12-1985) (Meitheamh 1985)
Tuarascáil ar Inniúlacht agus Inordaitheacht Céilí mar Fhinnéithe (LRC 13-1985) (Iúil 1985)
Tuarascáil ar Chionta faoi Achtanna Póilíní Bhaile Átha Cliath agus Cionta Gaolmhara (LRC 14-1985) (Iúil 1985)
Tuarascáil ar Chonarthaí Mionaoiseach (LRC 15-1985) (August Lúnasa 1985)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Fhianaise a Thógáil Thar Lear i gCúrsaí Sibhialta

nó Tráchtála (LRC 16-1985) (Lúnasa 1985)
Tuarascáil ar Dhliteanas Mionaoiseach i dTort agus Dliteanas Tuismitheoirí as Damáiste Déanta ag Mionaoisigh (LRC 17-1985) (Meán Fómhair 1985)
Tuarascáil ar Dhliteanas Dhaoine le Míchumas Intinne i dTort (LRC 18-1985) (Meán Fómhair 1985)
Tuarascáil ar Ghnéithe Dlí Idirnáisiúnta d'Inniúlacht Phósta agus Rogha Dlí in Imeachtaí Neamhnithe Pósta (LRC 19-1985) (Deireadh Fómhair 1985)
Tuarascáil ar Dhlínse in Imeachtaí Neamhnithe Pósta, Aitheantas d'Fhorairthní Eachtracha Neamhnithe Pósta, agus Coinbhinsiún na Háige ar Cheiliúradh agus Aitheantas do Bhailíocht Póstaí (LRC 20-1985) (Deireadh Fómhair 1985)
An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) (1985) (PI 4281)

Tuarascáil ar Reacht na dTréimhsí: Éilimh i Leith Díobhálacha Neamhfholasa Pearsanta (LRC 21-1987) (Meán Fómhair 1987)
Páipéar Comhairliúcháin ar Eigniú (December Nollaig 1987)
Tuarascáil ar Sheirbheáil Doiciméad Thar Lear re Imeachtaí Sibhialta – Coinbhinsiún na Háige (LRC 22-1987) (Nollaig 1987)
Tuarascáil ar Ghlacadh Maoine Goidte (LRC 23-1987) (Nollaig 1987)
An Naoú Tuarascáil (Bliantúil) (1986-1987) (PI 5625)

4.01 Tuarascáil ar Éigniú agus Cionta Bainteacha (LRC 24-1988) (Bealtaine 1988)
Tuarascáil ar an Rial in Aghaidh Clostráichta i gCásanna Sibhialta (Meán Fómhair 1988)
Tuarascáil ar Dhamáiste Mailseach (LRC 26-1988) (Meán Fómhair 1988)
Tuarascáil ar Bhailíú Fiacha: (1) An Dlí Maidir le Sirriamaí (LRC 27-1988) (Deireadh Fómhair 1988)
An Deichiú Tuarascáil (Bhliantúil) (1988) (PI 6542)

Tuarascáil ar Bhailíú Fiacha: (2) Forchoimeád Teidil (LRC 28-1988) (Aibreán 1989)
Tuarascáil ar Aitheantas d'Fhorairthní Uchtaithe Eachtracha (LRC 29-1989) (Meitheamh 1989)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (1) Moltaí Ginearálta (LRC 30-1989) (Meitheamh 1989)
Páipéar Comhairliúcháin ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí (Lúnasa 1989)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (2) Cumhachtaí Atur nae Buanseasmhacha (LRC 31-1989) (Deireadh Fómhair 1989)
An tAonú Tuarascáil (Bliantúil) Déag (1989) (PI 7448)

Tuarascáil ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí (LRC 32-1990) (Meán Fómhair 1990)
Tuarascáil ar Chionta Gnéis in Aghaidh Daoine le Míchumas Intinne (LRC 33-1990) (Meán Fómhair 1990)
Tuarascáil ar Mhionna agus Dearbhascaí (LRC 34-1990) (Nollaig 1990)

Tuarascáil ar Fháiltas ó Choiriúlacht a Choigistiú (LRC 35-1991) (Eanáir 1991)
Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Sibhialta Clúmhillte (Márta 1991)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Chomharbas ar Eastáit Dhaoine Marbha (LRC 36-1991) (Bealtaine 1991)
An Dara Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1990) (PI 8292)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhíspeagadh Cúirte (Iúil 1991)
Páipéar Comhairliúcháin ar Choir an Leabhail (Lúnasa 1991)
Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha (LRC 37-1991) (Deireadh Fómhair 1991)
Tuarascáil ar an Dlí Sibhialta Clúmhillte (LRC 38-1991) (Nollaig 1991)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (3) An Priacal ag Dul ón Díoltóir go dtí an Ceannaitheoir (LRC 39-1991) (Nollaig 1991); (4) Seirbheáil Fógraí Comhlíonta (LRC 40-1991) (Nollaig 1991)
An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1991) (PI 9214)
Tuarascáil ar Choir an Leabhail (LRC 41-1991) (Nollaig 1991)

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (Vienna) ar Chonarthaí Idirnáisiúnta Díol Earraí 1980 (LRC 42-1992) (Bealtaine 1992)
Tuarascáil ar an Dlí Maidir le Mímhacántacht (LRC 43-1992) (Meán Fómhair 1992)
Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (5) Tuilleadh Moltaí Ginearálta (LRC 44-1992) (Deireadh Fómhair 1992)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoradh (Márta 1993)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhliteanas Áititheoirí (Meitheamh 1993)
An Ceathrú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1992) (PN 0051)

Tuarascáil ar Chionta Neamh-mharfacha in Aghaidh an Duine (LRC 45-1994) (Feabhra 1994)
Páipéar Comhairliúcháin ar Chúirteanna Teaghlaigh (Márta 1994)
Tuarascáil ar Dhliteanas Áititheoirí (LRC 46-1994) (Aibreán 1994)
Tuarascáil ar Dhispeagadh Cúirte (LRC 47-1994) (Meán Fómhair 1994)
An Cúigiú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1993) (PN 1122)

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ag Cur Deireadh le Riachtanas na Dlíthiúlachta do Dhoiciméid Phoiblí Eachtracha (LRC 48-1995) (Feabhra 1995)
Páipéar Comhairliúcháin ar Mheisce mar Chosaint ar Chion Coiriúil (Feabhra 1995)

Tuarascáil ar Leasanna Díoltóra agus Ceannaitheora i dTalamh i rith na tréimhse idir Conradh agus Comhlíonadh (LRC 49-1995) (Aibreán 1995)
Scrúdú ar Dhlí Bannaí (LRC 50-1995) (Lúnasa 1995)
An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1994) (PN 1919)
Tuarascáil ar Mheisce (LRC 51-1995) (Samhain 1995)
Tuarascáil ar Chúirteanna Teaghlaigh (LRC 52-1996) (Márta 1996)

An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1995) (PN 2960)
Tuarascáil ar Dhaoradh (LRC 53-1996) (Lúnasa 1996)
Páipéar Comhairliúcháin ar Príobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide (Meán Fómhair 1996)
Tuarascáil ar Dhíobhálacha Pearsanta: Íocaíochtaí Tréimhsiúla agus Socraithe Struchtúrtha (LRC 54-1996) (Nollaig 1996)
An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1996) (PN 3760)

Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorfheidhmiú Tuarascáil na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idirthíre, 1993 (Meán Fómhair 1997)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún Unidroit ar Ábhair Chultúrtha Goidte nó Easpórtáilte go Mídhleathach (LRC 55-1997) (Deireadh Fómhair 1997)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Díl Tíolactha, (6) Tuilleadh Moltaí Ginearálta lena n-áirítear forghníomhú gníomhas (LRC 56-1998) (Bealtaine 1998)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha (Bealtaine 1998)
An Naoú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1997) (PN 6218)

Tuarascáil ar Phríobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide (LRC 57-1998) (Meitheamh 1998)
Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú Choinbhinsiún na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idirthíre, 1993 (LRC 58-1998) (Meitheamh 1998)
Páipéar Comhairliúcháin ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta) (Samhain 1998)
An Fichiú Tuarascáil (Bhliantúil) (1998) (PN 7471)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: *Caint Sholléir agus an Díl* (LRC CP14-1999) (Iúil 1999)
Páipéar Comhairliúcháin ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: *Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí* (LRC CP15-1999) (Lúnasa 1999)
Tuarascáil ar Chamghlacadh (LRC 59-1999) (Deireadh Fómhair 1999)
An tAonú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fíche (1999) (PN 8643)

Tuarascáil ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha (LRC 60-2000) (Lúnasa 2000)

An Dara Clár chun brainsí áirithe den dlí a scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú: 2000-2007 (PN 9459) (Nollaig 2000)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Thréimhsí Teorann i gcás Caingean ag éirí as Mí-úsáid Neamhghnéasach Leanaí (LRC CP16-2000) (Meán Fómhair 2000)

Tuarascáil ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtuil: *Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC 61-2000) (Nollaig 2000)

Tuarascáil ar an Riail i gcoinne Suthaineachtaí agus Rialacha Gaolmhara (LRC 62-2000) (Nollaig 2000)

Tuarascáil ar Athrú Iontaobhas (LRC 63-2000) (Nollaig 2000)

Tuarascáil ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta) (LRC 64-2001) (Márta 2001)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú (LRC CP17-2001) (Márta 2001)

Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú (LRC SP 1-2001)

An Tríú Tuarascáil (Bhlíantúil) is Fiche (2000) (PN 10629)

Páipéar Comhairliúcháin ar Phionóis do Mhionchionta (LRC CP18-2002) (Márta 2002)

Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Thionscnaítear ar Dhíotáil (LRC CP19-2002) (Bealtaine 2002)

Tuarascáil ar Innéacsú Fineálacha: *Abhbhreithniú ar Fhorbairtí* (LRC 65-2002) (Iúil 2002)

An Tríú Tuarascáil (Bhlíantúil) is Fiche (2001) (PN 11964)

Tuarascáil ar Éasúintí agus Brabúis à Prendre a Fháil trí Rúradh (LRC 66-2002) (Nollaig 2002)

Tuarascáil ar Theideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh (LRC 67-2002) (Nollaig 2002)

Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: *Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí* (LRC 68-2002) (Nollaig 2002)

Páipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnais (LRC CP20-2003) (Eanáir 2003)

Tuarascáil ar Phionóis do Mhionchionta (LRC 69-2003) (Feabhra 2003)

Páipéar Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó (LRC CP 21-2003) (Márta 2003)

Tuarascáil ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (7) Cúnaint Dhearfa ar Thalamh Ruilse agus Moltaí Eile (LRC 70-2003) (Márta 2003)

Páipéar Comhairliúcháin ar Fiosrúcháin Poiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin (LRC CP 22 – 2003) (Márta 2003)

Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta (LRC CP 23 – 2003) (Meitheamh 2003)

Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach (LRC CP 24 – 2003) (Iúil 2003)

Páipéar Comhairliúcháin maidir le Dlíthíocht Ilpháirtí (*Caingne Aicmeacha*) (LRC CP 25 – 2003) (Iúil 2003)

Páipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach (LRC CP 26 – 2003) (Deireadh Fómhair 2003)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Briogadh a Phléadáil (LRC CP 27 – 2003) (Deireadh Fómhair 2003)

Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin: An Dlí agus Daoine Scothaosta (LRC SP 2-2003) (Samhain 2003)

An Ceathrú Tuarascáil (Bhlíantúil) is Fiche (2002)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Ginearálta Thiarna Talún agus Tionónta (LRC CP 28 – 2003) (Nollaig 2003)

Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach (LRC 71-2004) (Feabhra 2004)

Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA (LRC CP 29-2004) (2004)

Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais (LRC CP 30-2004) (Márta 2004)

Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte (LRC CP 31-2004) (Márta 2004)

Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais (LRC CP 32-2004) (Aibreán 2004)

Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche (LRC CP 33-2004) (Meitheamh 2004)

An Cúigiú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche (2003) (Iúil 2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dí Talún agus Dí Tíolactha (LRC CP
34-2004) (Deireadh Fómhair 2004)
Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach (LRC 72 – 2004) (Nollaig 2004)

